

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 321



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

15 Nollaig 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/2455 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) 2022/2456 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta ⁽¹⁾ 3
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2457 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India, ón Indinéis, ón Malaeisia, ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh 5
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2458 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2022 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926 ón gCoimisiún 10

CINNÍ

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia 18
- ★ Cinneadh (AE) 2022/2460 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2022 maidir leis an scéim cabhrach náisiúnta fhadtéarmach don talmhaíocht i réigiúin thuaisceartacha na Sualainne (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 9240) 22

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2461 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena dtugtar aitheantas don scéim “KZR IniG” chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/603 ón gCoimisiún ⁽¹⁾ 38
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2462 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún lena mbunaítear an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 42

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/978 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh IO L 167 an 24 Meitheamh 2022*) 71
- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 (IO L 150, 14.6.2018) 73
- ★ Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2387 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/655 a mhéid a bhaineann le glacadh na bhforálacha ar fhaireachán a dhéanamh ar astaíochtaí truailléan gásach ó innill dócháin inmheánaigh inseirbhíse atá suiteáilte in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é chun innill ag a bhfuil cumhacht níos lú ná 56 kW agus níos mó ná 560 kW a chur san áireamh (IO L 316, 8.12.2022) 74

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/2455 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Nollaig 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71 ón gComhairle an 20 Nollaig 1971 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 85(3) den Chonradh i leith aicmí de chomhaontuithe, de chinntí agus de chleachtais chomhbheartaithe (¹),

Tar éis dó dréacht den Rialachán seo a fhoilsiú (²),

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Monaplachtaí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71, tugtar de chumhacht don Choimisiún a dhearbhu, trí rialachán agus i gcomhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh, nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) den Chonradh maidir le catagóirí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha.
- (2) I Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 ón gCoimisiún (³) sainítear catagóirí de chomhaontuithe taighde agus forbartha a mheasann an Coimisiún a gcomhlíontar leo de ghnáth na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 101(3) den Chonradh. Is é an 31 Nollaig 2022 is dáta éaga don Rialachán sin.
- (3) An 5 Meán Fómhair 2019, sheol an Coimisiún meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010. An fhianaise a bailíodh agus an mheastóireacht ar bun, tugann sí le fios gur ionstraim úsáideach atá i Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 agus go bhfuil a chuid rialacha ábhartha i gcónaí ó thaobh na bpáirtithe leasmhara de. I bhfianaise thorthaí na meastóireachta, sheol an Coimisiún measúnú tionchair an 7 Meitheamh 2021 i dtaobh roghanna beartais i ndáil le rialachán blocdhíolúine nua a ghlacadh maidir le comhaontuithe taighde agus forbartha.
- (4) An próiseas a ghabhann le rialachán blocdhíolúine nua a ghlacadh maidir le comhaontuithe taighde agus forbartha, ionas go mbeidh a dhóthain ama ag an gCoimisiún chun an próiseas sin a thabhairt chun críche, agus de bhun chumhacht an Choimisiúin faoi Airteagal 2(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71, ba cheart síneadh 6 mhí a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010.

(¹) IO L 285, 29.12.1971, Lch. 46. Rinneadh Airteagal 101 den Chonradh d'Airteagal 81 de Chonradh CE (Airteagal 85 de Chonradh CEE roimhe seo), agus éifeacht ag an méid sin ó bhí an 1 Nollaig 2009 ann. Tá na forálacha sin comhionann le chéile, go bunúsach. Chun críocha an Rialacháin seo, tagairtí d'Airteagal 85 de Chonradh CEE nó d'Airteagal 81 de Chonradh CE, ba cheart glacadh leis gur tagairtí d'Airteagal 101 den Chonradh atá iontu.

(²) IO C 405, 21.10.2022, Lch. 53.

(³) Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha (IO L 335, 18.12.2010, Lch. 36).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1217/2010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2023.”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN (AE) 2022/2456 ÓN gCOIMISIÚN**an 8 Nollaig 2022****lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71 ón gComhairle an 20 Nollaig 1971 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 85(3) den Chonradh i leith aicmí de chomhaontuithe, de chinntí agus de chleachtais chomhbheartaithe ⁽¹⁾,

Tar éis dó dréacht den Rialachán seo a fhoilsiú ⁽²⁾,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Monaplachtaí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71, tugtar de chumhacht don Choimisiún a dhearbhu, trí rialachán agus i gcomhréir le hAirteagal 101(3) den Chonradh, nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) den Chonradh maidir le catagóirí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta.
- (2) I Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún ⁽³⁾ sainítear catagóir de chomhaontuithe speisialtóireachta a mheasann an Coimisiún a gcomhlíontar leo de ghnáth na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 101(3) den Chonradh. Is é an 31 Nollaig 2022 is dáta éaga don Rialachán sin.
- (3) An 5 Meán Fómhair 2019, sheol an Coimisiún meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010. An fhianaise a bailíodh agus an mheastóireacht ar bun, tugann sí le fios gur ionstraim úsáideach atá i Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 agus go bhfuil a chuid rialacha ábhartha i gcónaí ó thaobh na bpáirtithe leasmhara de. I bhfianaise thorthaí na meastóireachta, sheol an Coimisiún measúnú tionchair an 7 Meitheamh 2021 i dtaobh roghanna beartais maidir le rialachán blocdhíolúine nua a ghlacadh i ndáil le comhaontuithe speisialtóireachta.
- (4) An próiseas a ghabhann le rialachán blocdhíolúine nua a ghlacadh maidir le comhaontuithe speisialtóireachta, ionas go mbeidh a dhóthain ama ag an gCoimisiún chun an próiseas sin a thabhairt chun críche, agus de bhun chumhacht an Choimisiúin faoi Airteagal 2(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71, ba cheart síneadh 6 mhí a chur le tréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 a leasú dá réir,

⁽¹⁾ IO L 285, 29.12.1971, lch. 46. Rinneadh Airteagal 101 den Chonradh d'Airteagal 81 de Chonradh CE (Airteagal 85 de Chonradh CEE roimhe seo), agus éifeacht ag an méid sin ó bhí an 1 Nollaig 2009 ann. Tá na forálacha sin comhionann le chéile, go bunúsach. Chun críocha an Rialacháin seo, tagairtí d'Airteagal 85 de Chonradh CEE nó d'Airteagal 81 de Chonradh CE, ba cheart glacadh leis gur tagairtí d'Airteagal 101 den Chonradh atá iontu.

⁽²⁾ IO C 405, 21.10.2022, lch. 50.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta (IO L 335, 18.12.2010, lch. 43).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2023.”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2457 ÓN gCOIMISIÚN
an 14 Nollaig 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India, ón Indinéis, ón Malaeisia, ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ (“an bun-Rialachán frithdhumpála”), agus go háirithe Airteagal 13(4) agus Airteagal 14(5) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India, ón Indinéis, ón Malaeisia, ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas,

1. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 791/2011 ⁽³⁾, d’fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (2) Tar éis imscrúduithe frith-imchéimniúcháin a dhéanamh, leathnaíodh na bearta sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 672/2012 ⁽⁴⁾, (AE) Uimh. 21/2013 ⁽⁵⁾ agus (AE) Uimh. 1371/2013 ⁽⁶⁾ ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1711 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾, chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India, ón Indinéis, ón Malaeisia, ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, cé is moite díobh sin a tháirgeann Montex Glass Fibre Industries Pvt. Ltd. agus Pyrotek India Pvt. Ltd.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ IO L 288, 7.11.2017, lch. 4.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 791/2011 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbaillítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 204, 9.8.2011, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 672/2012 ón gComhairle an 16 Iúil 2012 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 791/2011 maidir le hallmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh (IO L 196, 24.7.2012, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 21/2013 ón gComhairle an 10 Eanáir 2013 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 791/2011 maidir le hallmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Téaváine agus na Téalainne iad nó ná bíodh (IO L 11, 16.1.2013, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1371/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 791/2011 maidir le hallmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India agus ón Indinéis a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na hIndia agus na hIndinése iad nó ná bíodh (IO L 346, 20.12.2013, lch. 20).

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1711 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1371/2013 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na ndíolúintí arna ndeónú do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia (IO L 286, 14.11.2018, lch. 12).

- (3) Leathnaíodh na bearta sin a thuilleadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 976/2014 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾, chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine atá modhnaithe beagán a chumhdach.
- (4) Na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, is le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 a forchuireadh iad, tar éis athbhreithniú éaga, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/788 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾ lenar deonaidh díolúine do SPG Glass Fibre PVT. Ltd.

2. NÓS IMEACHTA

2.1. Iarraidh ar dhíolúine

- (5) An 23 Lúnasa 2021, fuair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) iarratas ar dhíolúine ó na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na hIndia iad nó ná bíodh. Ba é an chuideachta Urja Products Private Limited (“an t-iarratasóir”) a rinne an iarraidh.
- (6) Bhí fianaise san iarraidh gur tháirgeoir onnmhairiúcháin nua a bhí san iarratasóir agus gur chomhlíon sé na critéir le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán frithdhumpála, mar atá: (1) nár onnmhairigh sé an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Aibreán 2012 go dtí an 31 Márta 2013 (“an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh”); (2) nach bhfuil gaol aige le haon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí atá faoi réir bearta frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán bunaidh; (3) go bhfuil an táirge lena mbaineann onnmhairithe aige go hiarbhír nó tá oibleagáid chonarthaigh neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, agus (4) nach raibh sé i mbun cleachtais imchéimniúcháin.
- (7) Chinn an Coimisiún gur leor an fhianaise a bhí san iarraidh chun údar cuí a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán frithdhumpála chun a chinneadh an féidir díolúine ó na bearta leathnaithe a dheonú don iarratasóir.

2.2. Tionscnamh

- (8) An 20 Aibreán 2022, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/651 ⁽¹⁰⁾, thionscain an Coimisiún an t-athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 chun a chinneadh an féidir díolúine a dheonú don iarratasóir. Leis an Rialachán céanna, d’aisghair an Coimisiún na dleachtanna frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 i ndáil le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ag an iarratasóir, agus d’ordaigh sé do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a thabhairt chun allmhairí den sórt sin a chlárú (“an Rialachán tionscnaimh”).

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 976/2014 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2014 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 791/2011 maidir le hallmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine atá modhnaithe beagán ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad freisin a chumhdach (IO L 274, 16.9.2014, lch. 13).

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/788 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India, ón Indinéis, ón Malaesia, ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 134, 31.5.2018, lch. 5).

⁽¹⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/651 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2022 lena dtionscnaítear athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna leathnú chun fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón India, ón Indinéis, ón Malaesia, ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, chun a chinneadh an féidir díolúine ó na bearta sin a dheonú do tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na hIndia, lena n-aisghairtear an dleacht frithdhumpála maidir le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear na hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin faoi réir a gcláraithe (IO L 119, 21.4.2022, lch. 68).

- (9) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú athbhreithniúcháin. Bhí deis ag na páirtithe leasmhara uile barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, nó leis an dá cheann acu, laistigh de na tréimhsí ama a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/651. Ní bhfuarthas aon bharúil ná iarraidh ar éisteacht.

2.3. An táirge faoi athbhreithniú

- (10) Is éard atá sa táirge atá faoi athbhreithniú fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine, ar de mhéid cille is mó ná 1,8 mm de réir fada agus leithid araon iad, ina bhfuil meáchan is mó ná 35 g/m², gan dioscaí snáithínghloine a áireamh, arna gcur chun bealaigh ón India, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na hIndia iad nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7019 63 00, ex 7019 64 00, ex 7019 65 00, ex 7019 66 00 agus ex 7019 69 90 (cóid TARIC 7019630014, 7019640014, 7019650014, 7019660014 agus 7019699014). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar cóid AC agus TARIC.
- (11) Tá méideanna cille éagsúla agus meáchain éagsúla in aghaidh an mhéadair chearnaigh i gceist le fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine, agus den chuid is mó úsáidtear iad mar ábhar treisiúcháin in earnáil na tógála (inlúú teirmeach seachtrach, treisiú urláir, agus deisiú ballaí).

2.4. Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe

- (12) Chumhdaigh tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe an tréimhse ón 1 Aibreán 2012 go dtí an 31 Nollaig 2021 ("tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe").

2.5. Imscrúdú

- (13) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir ceistneoir a chomhlánú chun go bhfaigheadh sé an fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe. Chuir an t-iarratasóir an freagra ar an gceistneoir isteach an 2 Meitheamh 2022.
- (14) Ina dhiaidh sin rinne an Coimisiún cuairt fíorúcháin ar áitreabh an iarratasóra i mí Mheán Fómhair 2022. D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha riachtanacha.

3. TORTHAÍ

- (15) Maidir le coinníoll (1), rinne an Coimisiún tagairt do na torthaí roimhe seo ⁽¹⁾, is é sin nár tháirg an t-iarratasóir an táirge atá faoi imscrúdú nó nár onnmhairigh sé chuig an Aontas é le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Dá bhrí sin, cinneadh gur comhlíonadh coinníoll (1).
- (16) Maidir le coinníoll (2), sainaithníodh san imscrúdú roinnt cuideachtaí gaolmhara, is iad sin Jayatma Industries Ltd a phléann le teicstílí agus éadaí, Mihikita Enterprises Ltd a phléann le tógáil agus foirgníocht agus Denis Chem Lab Ltd a phléann le feistí leighis. Ní raibh baint ag aon cheann de na cuideachtaí sin le táirgeadh, próiseáil, díol ná ceannach an táirge faoi athbhreithniú. Dá bhrí sin, cinneadh gur comhlíonadh coinníoll (2).
- (17) Maidir le coinníoll (3), d'onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge faoi athbhreithniú chuig dhá chuideachta san Aontas in 2021. Dá bhrí sin, cinneadh gur chomhlíon an t-iarratasóir coinníoll (3).
- (18) Ar deireadh, le linn an imscrúdaithe, cinneadh gur tháirg an t-iarratasóir an méid iomlán a d'onnmhairigh sé chuig an Aontas. Cinneadh freisin nár allmhairigh an t-iarratasóir aon amhábh ar ón tSín chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Dá bhrí sin, deimhníodh san imscrúdú nach raibh an t-iarratasóir i mbun cleachtais imchémniúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 13 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur comhlíonadh coinníoll (4) freisin.

⁽¹⁾ I gcomhréir le haithris (50) de Rialachán (AE) Uimh. 1371/2013, chinn an Coimisiún "nach dtáirgeann Urja Products an táirge atá faoi athbhreithniú".

- (19) Dá réir sin, chinn an Coimisiún gur chomhlíon an t-iarratasóir na critéir de bhun Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán frithdhumpála. Dá bhrí sin, ba cheart díolúine ó na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm a thabhairt don iarratasóir i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993.
- (20) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993 a leasú dá réir.

4. MODHNÚ AR LIOSTA NA gCUIDEACHTAÍ A THAIRBHÍONN DE DHÍOLÚINE Ó NA BEARTA LEATHNAITHE

- (21) I bhfianaise na dtorthaí dá dtagraítear thuas, agus de bhun Airteagal 13(4) agus Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, chinn an Coimisiún gur cheart an t-iarratasóir a chur le liosta na gcuideachtaí atá díolmhaithe ó na bearta frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1993.
- (22) Cuireadh in iúl don t-iarratasóir agus do thionscal an Aontais go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún díolúine a thabhairt do Urja Products Private Limited ó na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm.
- (23) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.
- (24) Tá an Rialachán i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Míreanna (1) agus (3) d'Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2017/1993, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/788 ón gCoimisiún, cuirtear an méid seo a leanas ina n-ionad:

“1. Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála cinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine, ar de mhéid cille is mó ná 1,8 mm de réir fada agus leithid araon iad, ina bhfuil meáchan is mó ná 35 g/m², gan dioscaí snáithínghloine a áireamh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7019 63 00, ex 7019 64 00, ex 7019 65 00, ex 7019 66 00 agus ex 7019 69 90 (cóid TARIC 7019 63 00 19, 7019 64 00 19, 7019 65 00 18, 7019 66 00 18, agus 7019 69 90 19), agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.”

“3. An dleacht chinntitheach frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, mar a leagtar amach i mír 2, leis seo déantar í a leathnú chun allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe (a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC 7019 63 00, ex 7019 64 00, ex 7019 65 00, ex 7019 66 00 agus ex 7019 69 90), arna gcur chun bealaigh ón India agus ón Indinéis a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na hIndia agus na hIndinése iad nó ná bíodh (cóid TARIC 7019 63 00 14, 7019 63 00 15, 7019 64 00 14, 7019 64 00 15, 7019 65 00 14, 7019 65 00 15, 7019 66 00 14 7019 66 00 15, 7019 69 90 14, agus 7019 69 90 15)), cé is moite de na cinn sin a tháirgeann Montex Glass Fibre Industries Pvt. Ltd (cód breise TARIC B942), Pyrotek India Pvt. Ltd (cód breise TARIC C051), SPG Glass Fibre Pvt. Ltd (cód breise TARIC C205) agus Urja Products Private Limited (cód breise TARIC C861), chun allmhairí na bhfabraicí mogaill oscailte céanna arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh (cóid TARIC 7019 63 00 11, 7019 64 00 11, 7019 65 00 11, 7019 66 00 11 agus 7019 69 90 11), agus chun allmhairí na bhfabraicí mogaill oscailte céanna arna gcur chun bealaigh ón Téaváin agus ón Téalainn a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Téaváine agus na Téalainne iad nó ná bíodh (cóid TARIC 7019 63 00 12, 7019 63 00 13, 7019 64 00 12, 7019 64 00 13, 7019 65 00 12, 7019 65 00 13, 7019 66 00 12, 7019 66 00 13, 7019 69 90 12 agus 7019 69 90 13).

Beidh cur i bhfeidhm na díolúine arna deonú do Montex Glass Fibre Industries Pvt. Ltd, Pyrotek India Pvt. Ltd, SPG Glass Fibre PVT. Ltd agus Urja Products Private Limited coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údarais chustaim na mBallstát, sonrasc a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo. Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht frithdhumpála mar a fhorchuirtear le mír 1.”

Airteagal 2

(1) Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/651.

(2) Ní ghearrfar dleacht chinntitheach go cúlghabhálach i gcás na n-allmhairí cláraithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2458 ÓN gCOIMISIÚN**an 14 Nollaig 2022****lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2022 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926 ón gCoimisiún**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 105(1), (2), (3) agus (5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos cuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2021 le Rialachán (AE) 2020/1579 ⁽²⁾, (AE) 2021/90 ⁽³⁾, (AE) 2021/91 ⁽⁴⁾ agus (AE) 2021/92 ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (2) Leagtar síos cuótaí iascaireachta le haghaidh 2022 le Rialachán (AE) 2021/91, (AE) 2021/1888 ⁽⁶⁾, (AE) 2022/109 ⁽⁷⁾ agus (AE) 2022/110 ón gComhairle ⁽⁸⁾.
- (3) De bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, nuair a shuíonn an Coimisiún gur sháraigh Ballstát na cuótaí iascaireachta a leithdháilleadh air, tá an Coimisiún le hasbhaintí a dhéanamh ó chuótaí iascaireachta a leithdháilfear ar an mBallstát sin amach anseo.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926 ⁽⁹⁾ ón gCoimisiún bunaíodh asbhaintí ó na cuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2022 de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin.

⁽¹⁾ IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2020/1579 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2020 lena socráítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 362, 30.10.2020, lch. 3).

⁽³⁾ (AE) 2021/90 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socráítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 31, 29.1.2021, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socráítear le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lch. 20).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socráítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/1888 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2021 lena socráítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 maidir le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 384, 29.10.2021, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socráítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

⁽⁸⁾ (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socráítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 21, 31.1.2022, lch. 165).

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2022 lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2022 de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin (IO L 265, 12.10.2022, lch. 67).

- (5) I gcás Ballstáit áirithe, eadhon an Spáinn, an Fhrainc, an Liotuáin agus an Pholainn, ní fhéadfaí asbhaintí áirithe a dhéanamh le Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2022/1926 ó chuótaí iascaireachta a leithdháileadh le haghaidh na stoc a ndearnadh ró-iascaireacht orthu de bhrí nach raibh cuótaí le haghaidh na stoc sin ar fáil do na Ballstáit sin sa bhliain 2022.
- (6) Mura féidir asbhaintí a dhéanamh ar an stoc a ndearnadh ró-iascaireacht air sa bhliain i ndiaidh na ró-iascaireachta de bhrí nach bhfuil cuóta ar fáil ag an mBallstát lena mbaineann le haghaidh an stoic éisc sin, foráiltear le hAirteagal 105(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go bhféadfar asbhaintí a dhéanamh ar chuótaí le haghaidh stoic eile sa limistéar geografach céanna, nó le haghaidh stoic a bhfuil an luach tráchtála céanna orthu, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann.
- (7) De réir Theachtaireacht 2022/C 369/03 ón gCoimisiún faoi Threoirlínte maidir le cuótaí a asbhaint faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ⁽¹⁰⁾ (“na Treoirlínte”) b’fhearr asbhaintí den sórt sin a dhéanamh ó chuótaí a leithdháileadh le haghaidh stoc arna n-iascach ag an gcabhlach a chuaigh thar an gcúóta.
- (8) Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann a mhéid a bhaineann le habhaintí áirithe ó chuótaí a leithdháileadh le haghaidh stoc nach ndearnadh ró-iascaireacht orthu. Is iomchuí, dá bhrí sin, asbhaintí a dhéanamh ó na cuótaí malartacha iascaireachta sin a leithdháileadh ar na Ballstáit sin in 2022.
- (9) Ós rud é gur fospeiceas é an roc droma i limistéar 7d (RJC/07D.) de na “sciataí agus roic” stoic i limistéar 7d (SRX/07D.), an asbhaint atá le híoc ag Éirinn mar gheall ar an ró-iascaireacht a rinne sí ar roc garbh i limistéar 7d de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926, déantar í ar an gcúóta iascaireachta le haghaidh sciataí agus roic i limistéar 7d atá ar fáil d’Éirinn le haghaidh 2022.
- (10) In 2021, rinne an Phortaingéil ró-iascaireacht ar a cuóta iascaireachta le haghaidh ainseabhaithe i limistéir 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1 (ANE/9/3411). Le ríomhphost dar dáta an 22 Lúnasa 2022, d’iarr an Phortaingéil an asbhaint a leathadh — lena n-áirítear fachtóir iolraithe 1.4 de bhun Airteagal 105(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 — atá dlite thar thréimhse trí bliana. De réir phointe 3(a) de na Treoirlínte, féadfar glacadh le hasbhaint a leathadh thar dhá bhliain nó níos mó i gcás ina ndéantar an t-iasc a bhainistiú go hinbhuanaithe ar bhonn na comhairle eolaíche ábhartha le haghaidh an stoic lena mbaineann. De réir fuaimshuirbhé lena ndéantar faireachán ar dháileadh na flúirse agus na bithmhaise agus ar an staidéar a rinneadh gach bliain ar roinnt paraiméadair bhitheolaíoch a ainseabhaithe, tháinig méadú 64 % ar bhithmhais mheasta na n-ainseabhaithe in 2022 i gcomparáid le suirbhéanna 2021. Déanfaidh institiúid eolaíochta na Portaingéile IPMA (Instituto Português do Mar e da Atmosfera), i gcomhar le hinstiúid eolaíochta na Spáinne IEO (Instituto Español de Oceanografía), tástáil ar riail rialaithe gabhála nua trí bhíthin Próiseas Meastóireachta ar an Straitéis Bainistíochta. An fhad a bheifear ag feitheamh ar thagarmharc atá beartaithe don Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) don stoc seo, is féidir glacadh le leathadh na hasbhaint thar dhá bhliain seachas thar trí bliana.
- (11) Ar bhonn na sonraí deireanacha nuashonraithe a tharchuir an Fhrainc an 9 Meán Fómhair 2022, dealraíonn sé gur sáraíodh cuóta comhroinnte 2021 tona amháin a leithdháileadh ar “Eile” le haghaidh mairlíne geala san Aigéan Atlantach (WHM/ATLANT_AMS) — agus faoinar ceadaíodh don Fhrainc iascaireacht a dhéanamh. Ós rud é gur thuairiscigh an Fhrainc gabhála arbh ionann iad agus 972 thona faoin gcúóta “Eile” sin, déanfar asbhaint mar gheall ar an ró-iascaireacht sin — lena n-áirítear fachtóir iolraithe 1,5 de bhun Airteagal 105(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 — maidir leis an gcúóta iascaireachta le haghaidh mairlíne geala san Aigéan Atlantach atá ar fáil don Fhrainc le haghaidh 2022. Dá bhrí sin, ba cheart an asbhaint chomhfhreagrach a chur leis an larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926.
- (12) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926 leasú dá réir sin.
- (13) Féadfar tuilleadh nuashonruithe nó ceartúchán a dhéanamh i ndiaidh earráidí, easnaimh nó míthuairiscíú a bhrath, i gcás an ghnímh reatha nó i gcás gníomhartha a rinneadh roimhe seo, sna figiúirí gabhála arna ndearbhú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009,

⁽¹⁰⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte i ndáil le hasbhaint cuótaí faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht 2012/C 72/07 2022/C 369/03 (IO C 369, 27.9.2022, p. 3).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na cuótaí iascaireachta a shocraítear le haghaidh na bliana 2022 le Rialacháin (AE) 2021/91, (AE) 2021/1888, (AE) 2021/109 agus (AE) 2022/110, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, laghdófar iad trí na hasbhaintí ar na stoic eile a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a chur i bhfeidhm.

Airteagal 2

Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hlarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926.

Airteagal 3

Asbhaint 2 954,752 thona de chuid na Portaingéile is infheidhme in 2022 mar gheall ar ró-iascaireacht in 2021 i ndáil leis an stoc ainseabhaithe i limistéir 9 agus 10; Déantar uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF (ANE/9/3411) a leathadh thar dhá bhliain.

Beidh an asbhaint bhliantúil is infheidhme cothrom le 1 477,376 thona in 2022 agus 2023 gan dochar d'aon oiriúnú eile ar chuótaí mar gheall ar ró-iascaireacht a d'fhéadfadh a bheith ann ina dhiaidh sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ASBHAINTÍ Ó CHUÓTAÍ IASCAIREACHTA NA BLIANA 2022 ATÁ LE CUR I BHFEIDHM AR STOIC EILE

STOIC A nDEARNADH RÓ-IASCAIREACHT ORTHU						STOIC EILE					
Ballstát	Cód speicis	Cód limistéir	Ainm an speicis	Ainm an limistéir	An chainníocht nach féidir a asbhaint ó chuóta iascaireachta 2022 maidir leis an stoc a ndearnadh ró-iascaireacht air (i gcileagram)	Ballstát	Cód speicis	Cód limistéir	Ainm an speicis	Ainm an limistéir	An chainníocht atá le hasbhaint ó chuóta iascaireachta 2022 maidir leis na stoic eile (i gcileagram)
ESP	NEP	1N2AB	An haileabó Graonlan-nach	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	56 667	ESP	TOT	1/2B.	An trosc	1 agus 2b	56 667
ESP	GHL	1N2AB	An chadóg	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	19 059	ESP	TOT	1/2B.	An trosc	1 agus 2b	7 627
							REB	1N2AB	An phéirse mhara	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	11 432
ESP	OTH	1N2AB	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	41 357	ESP	REB	1N2AB	An phéirse mhara	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	41 357
FRA	RJH	51214S	An phéirse mhara	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14	3 516	FRA	HKE	5B67	An langa gorm	6 agus 7; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5	3 516
LTU	LIN	4AB	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53°30' T	13 592	LTU	ETP	2CX14-	An ronnach	6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; Uiscí idirnáisiúnta in 2a, 12 agus 14	13 592
RMB	ETP	2A34	An ronnach	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3 agus 4	63 850	RMB	LIN	3D-R30	An scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	63 850

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhíne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1926:

“ASBHAINTÍ Ó CHUÓTAÍ IASCAIREACHTA NA BLIANA 2022 I LEITH STOIC A nDEARNADH RÓ-IASCAIREACHT ORTHU

Ballstát	Cód speicis	Cód limistéir	Ainm an speicis	Ainm an limistéir	Cuóta tosaigh 2021 (i gcileagram)	Gabhálacha arna gceadú 2021 (Cainníocht iomlán arna hoiriúnú i gcileagram) (°)	Gabhálacha iomlána 2021 (cainníocht i gcileagram)	Ídiú cuóta i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú (in %)	Ró-iascaireacht i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú (cainníocht i gcileagram)	Fachtóir iolraithe (°)	Fachtóir iolraithe breise (°), (°)	Asbhaintí nach ndearnadh ó bhliain/ bhlianta roimhe sin (°) (cainníocht i gcileagram)	Asbhaintí ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2022 (°) agus na mblianta ina dhiaidh sin (cainníocht i gcileagram)	Asbhaintí ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2022 maidir leis na stoic a ndearnadh ró-iascaireacht orthu (°) (cainníocht i gcileagram)	Asbhaintí ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2022 maidir le stoic eile (cainníocht i gcileagram)	Le hasbhaint ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2023 agus na mblianta ina dhiaidh sin (cainníocht i gcileagram)
CYP	SOO	MED	An colgán	An Mheánmhuir	52 230	52 230	55 703	106,65 %	3 473	/	C (°)	/	3 473	3 473	/	/
DEU	LIN	4AB	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53°30' T	33 852 000	17 152 318	18 844 967	109,87 %	1 692 649	/	A (°)	/	1 692 649	1 692 649	/	/
DNK	TOT	03AN	An trosc	Skagerrak	1 515 000	1 556 000	1 598 949	102,76 %	42 949	/	C (°)	/	42 949	42 949	/	/
DNK	LIN	4AB	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53°30' T	49 993 000	49 711 223	51 805 988	104,21 %	2 094 765	/	/	/	2 094 765	2 094 765	/	/
ESP	TOT	1/2B.	An trosc	1 agus 2b	11 331 000	8 580 172	8 604 667	100,29 %	24 495	/	A (°)	/	24 495	24 495	/	/
ESP	NEP	1N2AB	An haileabó Graonlan-nach	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	6 000	43 778	729,63 %	37 778	1,00	A	/	56 667	/	56 667	/

ESP	GHL	1N2AB	An chadóg	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	0	19 059	N/B	19 059	1,00	/	/	19 059	/	19 059	/
ESP	OTH	1N2AB	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	0	27 571	N/B	27 571	1,00	A	/	41 357	/	41 357	/
EST	NEP	N3LMNO	An haileabó Graonlan-nach	NAFO 3LMNO	331 000	502 500	515 085	102,50 %	12 585	/	/	/	12 585	12 585	/	/
FRA	RJH	51214S	An phéirse mhara	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14	0	0	3 516	N/B	3 516	1,00	/	/	3 516	/	3 516	/
FRA	ALB	ATLANT	An Mairlín Geal Atlantach	An tAigéan Atlantach	1 000 (°)	1 000 (°)	2 972	297,20 %	1 972	1,00	C	/	2 958	2 958	/	/
GRC	POR	AE45WM	Tuinnín gorm	An tAigéan Atlantach, lastoir de 45° I, agus an Mheánmhuir	314 030	314 030	322 640	102,74 %	8 610	/	C (°)	/	8 610	8 610	/	/
HUN	LIN	6AS7BC	An scadán	6aS, 7b, 7c	1 236 000	1 513 457	1 605 894	106,11 %	92 437	/	/	/	92 437	92 437	/	/
HUN	SOL	07D	An sól coiteann	7d	/	0	1 741	N/B	1 741	1,00	/	/	1 741 (10)	1 741 (10)	/	/
LTU	LIN	4AB	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53°30' T	/	452 600	466 192	103,00 %	13 592	/	/	/	13 592	/	13 592	/
LVA	PRA	3BCD-C	An salán	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	30 845 000	28 709 205	29 084 587	101,31 %	375 382	/	C (°)	/	375 382	375 382	/	/

NLD	LIN	4AB	Anscadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53°30' T	46 381 000	45 488 813	46 533 481	102,30 %	1 044 668	/	/	/	1 044 668	1 044 668	/	/
RMB	ETP	2A34	An ronnach	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3 agus 4	/	0	63 850	N/B	63 850	1,00	/	/	63 850	/	63 850	/
PRT	ANE	3X14-	Alfainsíní	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14	145 000	136 677	139 363	101,97 %	2 686	/	/	/	2 686	2 686	/	/
PRT	An bolmán	9/3411	An tAinseabhaí	9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1	7 829 000	8 752 733	10 863 270	124,11 %	2 110 537	1,40	/	/	2 954 752 ⁽¹⁾	1 477 376 ⁽¹⁾	/	1 477 376 ⁽¹⁾
PRT	BLL	8C3411	An láimhneach	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1	584 000	648 238	657 235	101,39 %	8 997	/	C (°)	/	8 997	8 997	/	/
PRT	POR	AE45WM	Tuinnín gorm	An tAigéan Atlantach, lastoír de 45° I, agus an Mheánmhuir	572 970	572 970	583 215	101,79 %	10 245	/	C (°)	/	10 245	10 245	/	/
PRT	ANF	8C3411	An colmóir	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1	2 483 000	2 093 417	2 207 568	105,45 %	114 151	/	C (°)	/	114 151	114 151	/	/
SWE	LIN	03A.	Anscadán	3a	9 498 000	13 085 112	13 223 209	101,06 %	138 097	/	/	/	138 097	138 097	/	/

-
- (¹) Cuótaí atá ar fáil do Bhallstát de bhun na Rialachán ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta tar éis malartuithe deiseanna iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), aistrithe cuótaí ó 2020 go 2021 i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle lena dtugtar isteach coinníollacha breise le haghaidh bainistíocht TACanna agus cuótaí ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3) agus le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó athleithdháileadh agus asbhaint deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
- (²) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Beidh feidhm ag asbhaint atá comhionann le ró-iascaireacht *1,00 i ngach cás inar cothrom le 100 tona nó níos lú ná sin an ró-iascaireacht.
- (³) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus ar choinníoll gur mó ná 10 % an ró-iascaireacht.
- (⁴) Léiríonn an litir 'A' gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go ndearnadh ró-iascaireacht leanúnach sna blianta 2019, 2020 agus 2021. Léiríonn an litir 'C' gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go bhfuil an stoc faoi réir plean ilbhliantúil.
- (⁵) Cainníochtaí atá fágtha ó bhliain/bhlianta roimhe.
- (⁶) Asbhaintí atá le déanamh in 2022.
- (⁷) Asbhaintí atá le déanamh in 2022 a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm an 19 Deireadh Fómhair 2022 i bhfianaise an chuóta atá ar fáil.
- (⁸) Níl an fachtóir iolraithe breise infheidhme mar nach ndeachaigh an ró-iascaireacht thar 10 % de na gabhálacha arna gceadú.
- (⁹) Cuóta ar fáil do 'Eile' faoinar ceadáíodh don Fhrainc iascaireacht a dhéanamh.
- (¹⁰) Le baint den chuóta iascaireachta atá ar fáil d'Éirinn le haghaidh an stoic sciataí agus roic i limistéar 7d (SRX/07D.) in 2022.
- (¹¹) Arna iarraidh sin don Phortaingéil, roinneadh an asbhaint de 2 954 752 cileagram a bhí dlite in 2022 mar gheall ar ró-iascaireacht in 2021 go cothrom thar 2 bhliain (2022 agus 2023)."
-

CINNTEÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2459 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Nollaig 2022

maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) ⁽¹⁾, agus go háirithe d'Airteagal 25a(5), pointe (b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, tá an Coimisiún le measúnú tráthrialta a dhéanamh ar chomhar na dtríú tíortha maidir le hathligean isteach. Bunaithe ar an measúnú a rinneadh i gcomhréir leis an bhforáil sin, measadh nach raibh an comhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach iomchuí. Agus aird á tabhairt ar na céimeanna a glacadh chun feabhas a chur ar an leibhéal comhair, agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an nGaimbia, measadh nach raibh an comhar leis an nGaimbia i réimse an athligean isteach iomchuí agus gur ghá don Aontas gníomhaíocht a dhéanamh dá bhrí sin.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 25a(5), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, an 7 Deireadh Fómhair 2021, glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle ⁽²⁾, lenar cuireadh cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ar fionraí go sealadach maidir le náisiúnaigh áirithe den Ghaimbia.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, rinne an Coimisiún measúnú leanúnach ar an gcomhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781. Léiríonn an measúnú nach bhfuil aon fheabhas mór tagtha ar chúrsaí, óir tá dúshlán fós ag baint leis an gcomhar maidir leis an tsainaithe agus an bhfillleadh, níor chloíodh leis an tréimhse ama a leagadh síos sa socrú AE-an Ghaimbia um athligean isteach, agus bhí moratóir ar fhilleacha ar eiltí cairtfhostaithe, moratóir a thug an Ghaimbia isteach go haontaobhach, fós i bhfeidhm go dtí mí an Mhárta 2022. D'ainneoin roinnt forbairtí teoranta, go háirithe eisiúint trí chead tuirlingthe le haghaidh oibríochtaí um fhilleadh a rinneadh tar éis don mhoratóir arna tabhairt isteach ag an nGaimbia a bheith curtha ar fionraí, tá an comhar maidir leis an athligean isteach fós neamh-iomchuí agus tá gá fós le feabhsuithe suntasacha agus inbhuanaithe.
- (4) Is éard a mheasann an Choimisiún go bhfuil comhar na Gaimbia leis an Aontas i réimse an athligean isteach fós neamh-iomchuí, d'ainneoin na mbeart a glacadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781, agus gur gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh dá bhrí sin, gan difear a dhéanamh do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781.
- (5) Le cur i bhfeidhm táille víosa mhéadaithe, de réir a chéile, ar náisiúnaigh den Ghaimbia, ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir d'údarais na Gaimbia gur gá na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir leis an athligean isteach.

⁽¹⁾ IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an nGaimbia (IO L 360, 11.10.2021, lch. 124).

- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag táille víosa EUR 120, mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia atá faoi réir an cheanglais víosa de bhun Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾. I gcomhréir leis an Rialachán sin, ní bhaineann an táille sin le leanáí faoi bhun 12 bhliain d'aois. Níor cheart feidhm a bheith aige ach oiread maidir le hiarratasóirí a ndéantar an táille víosa a tharscaoileadh nó a laghdú ina leith i gcomhréir le Rialachán (EC) Uimh. 810/2009.
- (7) Níor cheart aon difear a dhéanamh leis an gCinneadh seo do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, lena leathnaítear an ceart chun saorghluaiseachta chuig baill teaghlaigh, gan beann ar a náisiúntacht, nuair a bhíonn siad ag taisteal in éineacht le saoránach de chuid an Aontais nó ag taisteal chun bheith in éineacht leis. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an gCinneadh seo maidir le baill teaghlaigh de chuid saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo, ná maidir le baill teaghlaigh de chuid náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránach den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus tríú tír.
- (8) Ba cheart na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear a n-oibleagáidí mar thíortha óstacha d'eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta nó do chomhdhálaí idirnáisiúnta arna dtionól ag na Náisiúin Aontaithe nó ag eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta eile atá á n-óstáil ag Ballstáit. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag cur i bhfeidhm na táille víosa méadaithe maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia, a dhéanann iarratas ar víosa, a mhéid is gá sin chun go gcomhlíonfaidh Ballstáit a n-oibleagáidí mar thíortha óstacha d'eagraíochtaí den sórt sin nó do chomhdhálaí den sórt sin.
- (9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, cé acu a chuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é nó nach gcuirfidh.
- (10) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ⁽⁵⁾; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (11) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme ⁽⁶⁾, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽⁷⁾.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithé ón gceanglas sin (códú) (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39).

⁽⁴⁾ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránach den Aontas agus a mball teaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

⁽⁵⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

⁽⁶⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁷⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

- (12) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁸⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (13) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹⁰⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ⁽¹¹⁾.
- (14) Is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia atá faoi réir an cheanglais víosa de bhun Rialachán (AE) 2018/1806.
2. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia atá díolmhaithe ón gceanglas víosa faoi Airteagal 4 nó Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1806.
3. Beidh an Cinneadh seo gan dochar don fhéidearthacht tarscaoileadh nó laghdú a dhéanamh ar mhéid na táille víosa a mhuirearófar i gcásanna aonair, i gcomhréir le hAirteagal 16(6) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.
4. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia a dhéanann iarratas ar víosa, ar baill teaghlaigh iad de chuid saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo, nó ar baill teaghlaigh iad de chuid náisiúnaigh tríú tír a thairbhíonn de cheart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus tríú tír.
5. Beidh an Cinneadh seo gan dochar do na cásanna ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, eadhon:
 - (a) mar thír óstach d'eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta;
 - (b) mar thír óstach do chomhdháil idirnáisiúnta arna tionól ag na Náisiúin Aontaithe nó faoina gcoimirce nó ag eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta eile atá á n-óstáil ag Ballstáit nó faoina gcoimirce sin;
 - (c) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí; nó,

⁽⁸⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽⁹⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpach, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

⁽¹⁰⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽¹¹⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpach, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

(d) de bhun Chonradh Idir-réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil, arna leasú go deireanach.

6. Beidh an Cinneadh seo gan dochar do na bearta dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 agus a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCinneadh sin.

Airteagal 2

Táille víosa a chur i bhfeidhm

Íocfaidh náisiúnaigh den Ghaimbia a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar víosa táille víosa EUR 120.

Airteagal 3

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblachta na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

V. RAKUŠAN

CINNEADH (AE) 2022/2460 ÓN gCOIMISIÚN
an 13 Samhain 2022

maidir leis an scéim cabhrach náisiúnta fhadtéarmach don talmhaíocht i réigiúin thuaisceartacha na Sualainne

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 9240)

(Is é an téacs Sualainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne leis an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 142 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh 96/228/CE ⁽¹⁾ d'fhormheas an Coimisiún an scéim cabhrach náisiúnta fhadtéarmach don talmhaíocht i réigiún an Tuaiscirt den tSualainn ("an scéim cabhrach Nordach") mar a thug an tSualainn fógra ina leith de bhun Airteagal 143 den Ionstraim Aontachais d'fhonn údarú a fháil faoi Airteagal 142 den Ionstraim Aontachais. Cuireadh Cinneadh C(2010) 6050 ón gCoimisiún ⁽²⁾ in ionad Chinneadh 96/228/CE. Cuireadh Cinneadh (AE) 2018/479 ón gCoimisiún ⁽³⁾ in ionad an Chinnidh sin.
- (2) Toisc go rachaidh údarú na Sualainne chun an scéim cabhrach Nordach a chur chun feidhme mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2018/479 in éag an 31 Nollaig 2022, ní mór cinneadh nua a ghlacadh.
- (3) Le litir dar dáta an 1 Iúil 2022, thug an tSualainn fógra don Choimisiún faoina togra chun fadú a chur leis an scéim cabhrach Nordach. Mhol an tSualainn go leasódh an Coimisiún Cinneadh (AE) 2018/479 chun leanúint den scéim le tréimhse bhailíochta bliana níos faide, an luach tagartha bliantúil iomlán a mhéadú, rud a chiallaíonn go ndéanfaí coigeartú éigin ar na leibhéil tacaíochta, agus athrú ar an dáta faoinar cheart don tSualainn tograí a dhéanamh chun an scéim a leasú agus a fhadú.
- (4) An cabhair náisiúnta fhadtéarmach dá dtagraítear in Airteagal 142 den Ionstraim Aontachais, tá sé ceaptha a áirithiú go gcoimeádfar an ghníomhaíocht talmhaíochta sna réigiúin thuaisceartacha arna cinneadh ag an gCoimisiún.
- (5) Agus na tosca dá dtagraítear in Airteagal 142(1) agus (2) den Ionstraim Aontachais á gcur san áireamh, is iomchuí na haonaid riaracháin, arna ngrúpáil de réir fo-réigiúin, atá suite lastuaidh den líne 62 chéim chomhthreomhar nó gar di agus a ndéanann dálaí aeráide inchoimparáide difear dóibh, a fhágann go bhfuil deacrachtaí ar leith ag baint leis an ngníomhaíocht talmhaíochta. Sna fo-réigiúin sin ina bhfuil an dlús daonra níos ísle ná nó cothrom le 10 áitritheoir ina aghaidh an chiliméadair chearnaigh, meastar an limistéar talmhaíochta arna úsáid (LTÚ) a bheith cothrom le 10 % nó níos lú de dhromchla fhoriomlán an bhardais agus an cion den LTÚ atá tiomnaithe do bharrna curaíochta atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine níos lú ná nó cothrom le 20 %. Ba cheart fo-réigiúin atá timpeallaithe ag limistéir eile a chur san áireamh, fiú mura sásaíonn siad na ceanglais chéanna.

⁽¹⁾ Cinneadh 96/228/CE ón gCoimisiún an 28 Feabhra 1996 maidir le scéim cabhrach náisiúnta fhadtéarmach chun cabhrú le feirmeoirí i réigiúin thuaisceartacha den tSualainn (IO L 76, 26.3.1996, lch. 29).

⁽²⁾ Cinneadh C(2010) 6050 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2010 maidir le scéim cabhrach náisiúnta fhadtéarmach chun cabhrú le feirmeoirí i réigiúin thuaisceartacha den tSualainn.

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2018/479 ón gCoimisiún an 20 Márta 2018 maidir leis an scéim cabhrach náisiúnta fhadtéarmach don talmhaíocht i réigiúin thuaisceart na Sualainne (IO L 79, 22.3.2018, lch. 55).

- (6) Chun riaradh na scéime a éascú agus chun í a chomhordú le tacaíocht faoi Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ⁽⁴⁾, is iomchuí na haonaid bhordasacha chéanna a áireamh leo sin a fhaigheann cabhair faoin gCinneadh seo agus na haonaid atá sa limistéar arna dteorannú faoi Airteagal 32(2), an dara fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 sa Phlean Straitéiseach CBT le haghaidh chur chun feidhme an chomhbheartais talmhaíochta sa tSualainn 2023-2027.
- (7) An tréimhse thagartha ar cheart forbairt na táirgeachta talmhaíochta agus leibhéal na tacaíochta foriomláine a mheas i ndáil leis, lena n-úsáidtear an staidreamh náisiúnta atá ar fáil mar bhonn agus d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú i ndáil leis na hearnálacha uile den táirgeadh, is í an bhliain 1993 is ceart a bheith ann.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 142 den Ionstraim Aontachais, ba cheart don mhéid iomlán cabhrach arna deonú a bheith leordhóthanach chun gníomhaíocht talmhaíochta a choinneáil ar bun i réigiúin thuaisceartacha na Sualainne ach ní fhéadfaidh tacaíocht fhoriomlán atá níos airde ná an leibhéal tacaíocht le linn tréimhse tagartha réamhaontachais atá le cinneadh a bheith i gceist léi. Chun tacaíocht a dheonú faoi Airteagal 142 den Ionstraim Aontachais ag leibhéal leordhóthanach i bhfianaise na gcostas táirgeachta atá ann faoi láthair agus gan an leibhéal tacaíochta le linn na tréimhse tacaíochta réamh-aontachais a shárú, is iomchuí an fhorbairt sa innéacs praghsanna do thomhaltóirí idir 1993 agus 2022 sa tSualainn a chur san áireamh agus an t-uasleibhéal cabhrach is incheadaithe faoin Airteagal sin á chinneadh.
- (9) Dá réir sin, ar bhonn na sonraí ó 1993 go dtí deireadh mhí Aibreáin 2022, ba cheart an t-uasmhéid bliantúil cabhrach a shocrú ag SEK 473,75 milliún, arna ríomh mar mheán thar thréimhse 6 bliana ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2028.
- (10) Chun an scéim cabhrach Nordach a shimpliú agus chun ligean don tSualainn a bheith solúbtha maidir leis an gcabhair a dhírú ar earnálacha éagsúla den táirgeadh, ba cheart méid uasta bliantúil cabhrach amháin a leagan síos don tacaíocht iomlán, a chuimsíonn tacaíocht uasta ar leithligh le haghaidh táirgeadh agus iompar bainne bó d'fhonn dáileadh cothromaithe tacaíochta a áirithiú.
- (11) Ba cheart an chabhair a dheonú go bliantúil ar bhonn tosca táirgeachta (aonaid beostoic agus heicteáir), ach amháin i gcás bó bainne inar cheart é a dheonú ar bhonn aonaid táirgeachta (cileagraim) laistigh de na teorainneacha iomlána a leagtar síos leis an gCinneadh seo.
- (12) D'fhonn freagairt phras a thabhairt ar luaineacht i bpragsanna aschuir talmhaíochta agus chun gníomhaíochta talmhaíochta a choinneáil ar bun i réigiúin thuaisceartacha na Sualainne, is iomchuí ligean don tSualainn méid na cabhrach a bhunú, le haghaidh gach bliana féilire, in aghaidh na hearnála le haghaidh catagóir chabhrach agus in aghaidh an aonaid táirgeachta.
- (13) Ba cheart don tSualainn idirdhealú a dhéanamh idir an chabhair ina réigiúin thuaisceartacha agus méideanna bliantúla cabhrach a shocrú de réir déine an bhaic nádúrtha agus de réir chritéir oibiachtúla agus thrédhearcacha eile a bhfuil baint acu leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 142(3), an tríú fómhír den Ionstraim Aontachais, is é sin an táirgeadh agus an phróiseáil phríomhúil traidisiúnta a choinneáil ar bun, feabhas a chur ar na struchtúir do tháirgeadh, margú agus próiseáil na dtáirgí talmhaíochta, dáileadh na dtáirgí sin a éascú agus a áirithiú go ndéanfar an comhshaol agus an timpeallacht tuaithe a chaomhnú.
- (14) Ba cheart an chabhair a íoc go bliantúil bunaithe ar líon iarbhir na dtosca táirgeachta incháilithe. Ba cheart ligean don tSualainn áfach an cabhair le haghaidh bainne bó, béaróga agus muca lena marú chomh maith le hiompar bó bainne a íoc i dtráthchodanna bliantúla. Beidh an chabhair do bhainne bó bunaithe ar an táirgeadh iarbhir chun leanúnachas an táirgthe a áirithiú.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunáitear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

- (15) Ba cheart róchúiteamh do na táirgeoirí a sheachaint trí íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil go pras agus roimh an 1 Meitheamh den bhliain dár gcionn ar a dhéanaí.
- (16) Mar a fhoráiltear in Airteagal 142(2) den Ionstraim Aontachais, níor cheart go dtiocfadh méadú ar an táirgeacht fhoriomlán thar an leibhéal táirgeachta traidisiúnta sa limistéar atá cumhdaithe faoin scéim cabhrach Nordach mar thoradh ar an gcabhair a dheonaítear faoin gCinneadh seo.
- (17) Dá bhrí sin, is gá líon uasta bliantúil na dtosca táirgeachta incháilithe do gach catagóir cabhrach, agus uasmhéid bliantúil incháilithe táirgeachta do bhainne bó, a bhunú, ar leibhéal atá cothrom leis an leibhéal sna tréimhsí tagartha nó níos ísle ná sin.
- (18) I gcás inar mó líon na dtosca táirgthe i gcatagóir, nó méid an táirgthe do bhainne bó, ná an t-uasleibhéal i mbliain ar leith, ba cheart líon na dtosca táirgeachta incháilithe nó méid an bhainne bó a laghdú, chun meánmhéideanna 5 bliana a urramú, faoi líon comhfhreagrach de thosca táirgeachta sna blianta féilire tar éis na bliana inar sáraíodh an t-uasmhéid, ach amháin i gcás cabhair iompair do bhainne bó, do bhéaróga agus do mhuca lena marú agus do bhainne bó ar féidir an méid incháilithe a laghdú faoi mhéid a fhreagraíonn don mhéid breise sa mhí dheireanach den bhliain inar sáraíodh an t-uasmhéid.
- (19) Ós rud é gur cheart, leis an bhfógra faoi thograí chuig an gCoimisiún maidir le fadú agus leasú a dhéanamh ar an gcabhair a údaraítear faoin gCinneadh seo, go mbeifí in ann measúnú ar an scéim a ullmhú go tráthúil, is gá an fógra sin a cheadú sa bhliain chéanna leis an tuarascáil 5 bliana agus síneadh a chur le tréimhse bhailíochta údarú na scéime cabhrach Nordaí ó chúig bliana go sé bliana.
- (20) I gcomhréir le hAirteagal 143(2) den Ionstraim Aontachais, cuirfidh an tSualainn faisnéis ar fáil don Choimisiún maidir le cur chun feidhme agus éifeachtaí na cabhrach. Chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar éifeachtaí fadtéarmacha na cabhrach agus d'fhonn leibhéal na cabhrach a shocrú mar mheáin ilbhlianta, is iomchuí tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtaí socheacnamaíocha na cabhrach gach 5 bliana agus tuarascálacha bliantúla a sholáthar ina mbeidh an fhaisnéis airgeadais agus an fhaisnéis cur chun feidhme eile is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo.
- (21) Is iomchuí na rialacha a shonrú a bheidh infheidhme maidir le leasuithe ar an scéim arna tabhairt isteach ag an gCoimisiún nó arna moladh ag an tSualainn chun ionchais dhlísteanacha thairbhíthe na cabhrach a chosaint agus chun leanúnachas na scéime a áirithiú ionas gur féidir cuspóirí Airteagal 142 den Ionstraim Aontachais a shaothrú go héifeachtúil.
- (22) Ba cheart don tSualainn a áirithiú go ndéanfar bearta rialaithe iomchuí i leith tairbhíthe cabhrach. Chun éifeachtacht na mbearta sin agus trédhearcacht i gcur chun feidhme na scéime cabhrach Nordaí a áirithiú, ba cheart na bearta rialaithe sin a ailíniú a mhéid is féidir leis na bearta a dhéantar faoin gcomhbheartas talmhaíochta.
- (23) Chun an aidhm maidir leis an táirgeadh a choinneáil ar bun, mar a luaitear in Airteagal 142 den Ionstraim Aontachais, agus chun riar na tacaíochta a éascú, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2023.
- (24) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart Cinneadh (AE) 2018/479 a aisghairm. Is iomchuí bearta idirthrímhseacha a sholáthar maidir le tuairisciú ar an tacaíocht de bhun Airteagal 142 den Ionstraim Aontachais arna íoc sa tréimhse 2018-2022 faoi Chinneadh (AE) 2018/479 ón gCoimisiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cabhair údaraithe

1. Ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2028 údaraítear don tSualainn an scéim chabhrach fhadtéarmach don talmhaíocht a chur chun feidhme sna réigiúin tuaisceartacha dá cuid a liostaítear in Iarscríbhinn I.
2. Ní sháróidh méid iomlán na cabhrach a dheonófar SEK 473,75 milliún in aghaidh na bliana féilire. Measfar gur meáin bhliantúla na cabhrach a deonaíodh le linn na tréimhse 6 bliana féilire a chumhdaítear leis an gCinneadh seo na huasmhéideanna bliantúla.

3. Leagtar amach in Iarscríbhinn II na catagóirí cabhrach agus na hearnálacha táirgeachta do gach catagóir, na meánmhéideanna bliantúla uasta a cheadaítear, mar a shonraítear i mír 2, lena n-áirítear an t-uasmhéid ar leithligh do tháirgeadh agus iompar bainne bó, chomh maith le líon uasta bliantúil na dtosca táirgeacht incháilithe in aghaidh na catagóire cabhrach.

4. Deonófar cabhair ar bhonn tosca táirgeachta incháilithe nó méideanna táirgeachta mar a leanas:

- (a) in aghaidh an chileagraim den táirgeadh iarbhír i dtaca le táirgeadh bainne bó;
- (b) in aghaidh an aonaid bheostoic i dtaca le feirmeoireacht ainmhithe;
- (c) in aghaidh an heicteáir i dtaca le táirgeadh barr agus gortóireachta lena n-áirítear caora;
- (d) mar chúiteamh ar na costais iarbhír chun bainne bó a iompar, agus aon tacaíocht phoiblí eile á hasbhaint i dtaca leis na costais chéanna.

Ní fhéadfar cabhair atá nasctha le méideanna táirgeachta a dheonú ach amháin chun bainne bó a tháirgeadh agus ní bheidh an chabhair nasctha le táirgeadh amach anseo in aon chás.

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na rátaí comhshó go haonaid bheostoic le haghaidh na gcineálacha éagsúla beostoic.

5. I gcomhréir le mír 3 agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn II, déanfaidh an tSualainn idirdhealú idir an chabhair ina réigiúin thuaisceartacha agus socróidh sí na méideanna cabhrach go bliantúil in aghaidh na dtosca táirgeachta, an chostais nó an aonaid táirgeachta ar bhonn critéar oibiachtúil a bhaineann le déine an bhaic nádúrtha agus tosca eile a chuireann le baint amach na gcuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 142(3), an tríú fómhír, den Ionstraim Aontachais.

Airteagal 2

Tréimhsí tagartha

An tréimhse thagartha dá dtagraítear sa dara fleasc d'Airteagal 142(3), an chéad fhomhír, den Ionstraim Aontachais, is e 1993 a bheidh ann a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí agus leis an leibhéal tacaíochta a leagtar amach in Airteagal 1 den Chinneadh seo.

Airteagal 3

Coinníollacha maidir le cabhair a dheonú

1. Leagfaidh an tSualainn síos, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, na coinníollacha maidir le cabhair a dheonú do na catagóirí éagsúla tairbhíthe. Aireofar sna coinníollacha sin na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin a chuirfear i bhfeidhm agus áiríteofar leo go gcaithfear go cothrom le tairbhíthe.

2. Íocfar an chabhair leis na tairbhíthe bunaithe ar thosca táirgeachta iarbhír nó, a mhéid a bhaineann le táirgeadh bainne bó, ar mhéid na táirgeachta iarbhír, dá dtagraítear in Airteagal 1(4).

3. Íocfar an chabhair gach bliain, ach amháin i gcás bainne bó, cabhair iompair do bhainne bó, béaróga agus muca lena marú a bhféadfar an chabhair ina leith a íoc i dtráthchodanna míosúla.

4. Déanfar sárú ar líon uasta bliantúil na dtosca táirgeachta nó na méideanna atá incháilithe le haghaidh cabhrach, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a chur san áireamh mar laghdú comhfhreagrach ar líon na dtosca táirgeachta sa bhliain tar éis an tsáráithe i gcás ina n-íoctar an chabhair ina tráthchodanna bliantúla nó sa mhí dheireanach den bhliain sa chás ina n-íoctar an chabhair go míosúil.

5. Glacfaidh an tSualainn na bearta iomchuí chun an rótháirgeadh dá dtagraítear i mír 4 a chosc i gcás inar dócha go dtarlódh rótháirgeadh den sórt sin, bunaithe ar réamh-mheastacháin staidrimh oifigiúla nó arna bhfíorú go hoifigiúil.

6. Déanfar ró-íocaíocht nó íocaíocht neamhdhlite leis an tairbhí a aisghabháil trí na méideanna comhfhreagracha a asbhaint ón gcabhair a íocadh leis an tairbhí an bhliain dár gcionn nó a aisghabháil ar bhealach eile sa bhliain sin, i gcás nach bhfuil aon chabhair dlite don tairbhí. Déanfar na méideanna míchuí a aisghabháil faoin 1 Meitheamh den bhliain dár gcionn.

*Airteagal 4***Bearta faisnéise agus rialaithe**

1. Déanfaidh an tSualainn, mar chuid den fhaisnéis arna soláthar de bhun Airteagal 143(2) den Ionstraim Aontachais, faisnéis maidir le cur chun feidhme na cabhrach arna deonú faoin gCinneadh seo le linn na bliana féilire roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain roimh an 1 Meitheamh.

Bainfidh an fhaisnéis leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) sainaithint na n-aonad bardais inar íocadh an chabhair trí bhíthin léarscáil mhionsonraithe agus, i gcás inar gá, trí shonraí eile;
- (b) an táirgeacht iomlán, lena gcumhdaítear an bhliain tuairiscithe, do na foréigiúin atá incháilithe le haghaidh cabhrach faoin gCinneadh seo, arna shloinneadh i gcainníochtaí do gach ceann de na táirgí a shonraítear in Iarscríbhinn II;
- (c) líon iomlán na dtosca táirgeachta agus na gcainníochtaí, líon na dtosca táirgeachta agus na gcainníochtaí atá incháilithe do chabhair agus líon na dtosca táirgeachta agus na gcainníochtaí arna dtacú in aghaidh na hearnála táirgeachta a shonraítear in Iarscríbhinn II maille le miondealú de réir táirge laistigh de gach earnáil, lena n-áirítear aon sárú ar an líon uasta bliantúil de thosca táirgeachta agus cainníochtaí a cheadaítear, chomh maith leis an tuairisc ar bhearta, más ann dóibh, arna ndéanamh chun rótháirgeadh den sórt sin a chosc;
- (d) an chabhair iomlán a íocadh, méid iomlán na cabhrach in aghaidh na catagóire cabhrach agus an cineál táirgeachta, na méideanna arna n-íoc le tairbhíthe in aghaidh na toisce táirgeachta/an aonaid eile, chomh maith leis na critéir chun méideanna cabhrach a idirdhealú de réir foréigiúin agus de réir cineálacha gabháltas feirme nó ar bhonn breithnithe eile;
- (e) an córas íocaíochta a cuireadh i bhfeidhm mar aon le mionsonraí maidir le haon réamhíocaíochtaí atá bunaithe ar mheastacháin, íocaíochtaí deiridh chomh maith le ró-íocaíochtaí breathnaithe agus aisghabháil orthu;
- (f) méideanna na cabhrach arna n-íoc faoi Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sna haonaid riaracháin a chumhdaítear leis an gCinneadh seo;
- (g) tagairtí do reachtaíocht náisiúnta trína gcuirtear an chabhair chun feidhme.

2. Roimh an 1 Meitheamh 2028, cuirfidh an tSualainn tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, sa bhreis ar an tuarascáil bhliantúil lena gcumhdaítear an bhliain 2027, ina gcumhdófar an tréimhse 5 bliana ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Léireofar sa tuarascáil sin na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) an chabhair iomlán a íocadh le linn na tréimhse 5 bliana, agus a dáileadh ar chatagóirí cabhrach, ar chineálacha táirgeachta agus ar fhoréigiúin;
- (b) i gcás gach catagóire cabhrach, na méideanna iomlána táirgeachta in aghaidh na bliana agus don tréimhse 5 bliana, líon na dtosca táirgeachta agus leibhéal ioncaim na bhfeirmeoirí sna réigiúin atá incháilithe don chabhair;
- (c) éabhlóid an táirgeachta, na próiseála agus na margaíochta talmhaíochta i gcomhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch na réigiún tuaisceartach;
- (d) éifeachtaí na cabhrach ar chosaint an chomhshaoil agus ar chaomhnú na tuaithe;
- (e) tograí maidir le forbairt mheántéarmach na cabhrach bunaithe ar na sonraí a chuirtear i láthair sa tuarascáil.

3. Soláthróidh an tSualainn sonraí i bhfoirm a bheidh comhoiriúnach leis na caighdeáin staidrimh arna n-úsáid ag an Aontas.

4. Déanfaidh an tSualainn gach beart is gá chun an Cinneadh seo agus bearta rialaithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm i leith tairbhíthe na cabhrach.

5. Déanfar bearta rialaithe a chomhchuibhiú a mhéid is féidir leis na córais rialaithe arna gcur i bhfeidhm faoi scéimeanna tacaíochta an Aontais.

*Airteagal 5***Aon leasuithe a chur i bhfeidhm**

1. Bunaithe ar an bhfaisnéis ar an scéim tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 4 agus ag féachaint don chomhthéacs náisiúnta agus do chomhthéacs an Aontais maidir le táirgeadh talmhaíochta chomh maith le tosca ábhartha eile, cuirfidh an tSualainn tograí iomchuí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Iúil 2028 maidir leis an gcabhair arna húdarú faoin gCinneadh seo a fhadú agus a leasú.
2. Má chinneann an Coimisiún an Cinneadh seo a leasú, go háirithe ar bhonn aon athruithe ar chomheagruithe na margaí nó ar an scéim tacaíochta díri nó athrú ar ráta aon státchabhrach talmhaíochta náisiúnta údaráithe, ní bheidh feidhm ag aon leasú ar an gcabhair a údaraítear leis an gCinneadh seo ach amháin ón mbliain tar éis na bliana inar glacadh an leasú.

*Airteagal 6***Aisghairm**

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2018/479 le héifeacht ón 1 Eanáir 2023. Mar sin féin, leanfaidh Airteagal 4(2) den Chinneadh sin d'fheidhm a bheith aige maidir leis an gcabhair a deonaíodh in 2018-2022 faoin gCinneadh sin.

*Airteagal 7***Cur i bhfeidhm**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2023.

*Airteagal 8***Seolaí**

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

FO-RÉIGIÚN 1

Cúige	Aonad bardais	Paróiste
Dalarna	Älvdalen	Idre
Jämtland	Krokom	Hotagen
	Strömsund	Frostviken
	Åre	Åre
		Kall
		Undersåker
	Berg	Storsjö
	Härjedalen	Linsell
		Hede
		Ljusnedal
		Tännäs
Västerbotten	Storuman	Tärna
	Sorsele	Sorsele
	Dorotea	Risbäck
	Vilhelmina	Vilhelmina
Norrbottn	Arvidsjaur	Arvidsjaur
	Arjeplog	Arjeplog
	Jokkmokk	Jokkmokk
		Porjus
	Pajala	Muonionalusta
		Junosuando
	Gällivare	Gällivare
		Nilivaara
		Malmberget
	Kiruna	Jukkasjärvi
		Vittangi
		Karesuando
Limistéir talmhaíochta fho-réigiún 1		6 700 ha

FO-RÉIGIÚN 2

Cúige	Aonad bardais	Ceantar
Dalarna	Malung	Lima
		Transtrand
	Älvdalen	Särna
Västernorrland	Örnsköldsvik	Trehörningsjö

Jämtland	Ragunda	Borgvattnet
		Stugun
	Bräcke	Bräcke
		Nyhem
		Håsjö
		Sundsjö
		Revsund
		Bodsjö
	Krokom	Näskott
		Aspås
		Ås
		Laxsjö
		Föllinge
		Offerdal
		Alsen
	Strömsund	Ström
		Alanäs
		Gåxsjö
		Hammerdal
		Bodum
		Tåsjö
	Åre	Mattmar
		Mörsil
		Hallen
	Berg	Berg
		Hackås
		Oviken
		Myssjö
		Åsarne
		Klövsjö
		Rätan
	Härjedalen	Sveg
		Vemdalen
		Ängersjö
		Lillhärdal
	Östersund	Östersund
		Frösö
		Sunne
		Näs

Västerbotten	Vindeln	Lockne Marieby Brunflo Kyrkås Lit Häggenås Vindeln Åmsele
	Norsjö	Norsjö
	Malå	Malå
	Storuman	Stensele
	Sorsele	Gargnäs
	Dorotea	Dorotea
	Åsele	Åsele
	Lycksele	Fredrika Lycksele Björksele Örträsk
	Skellefteå	Boliden Fällfors Jörn Kalvträsk
Norrbottn	Jokkmokk	Vuollerim
	Övertorneå	Svanstein
	Pajala	Pajala Korpilombolo
	Gällivare	Tärendö Hakkas
Limistéir talmhaíochta fho-réigiún 2		46 600 ha

FO-RÉIGIÚN 3

Cúige	Aonad bardais	Ceantar
Värmland	Torsby	Södra Finnskoga
Dalarna	Älvdalen	Älvdalen
Gävleborg	Nordanstig	Hassela
	Ljusdal	Hamra Los Kårböle

Västernorrland	Ånge	Haverö
	Timrå	Ljustorp
	Härnösand	Stigsjö
		Viksjö
	Sundsvall	Indal
		Holm
		Liden
	Kramfors	Nordingrå
		Vibyggerå
		Ullånger
		Torsåker
	Sollefteå	Graninge
		Junsele
		Edsele
		Ramsele
	Örnsköldsvik	Örnsköldsvik
		Anundsjö
Skorped		
Sidensjö		
Nätra		
Själevad		
Mo		
Gideå		
Björna		
Ragunda		
Jämtland	Bräcke	Hällesjö
	Krokom	Rödön
	Strömsund	Fjällsjö
	Åre	Marby
	Härjedalen	Älvros
		Överhogdal
Ytterhogdal		
Västerbotten	Östersund	Norderö
	Nordmaling	Nordmaling
	Bjurholm	Bjurholm
	Robertsfors	Bygdeå
		Nysätra
	Vännäs	Vännäs
	Umeå	Umeå Landsförsamling

Norrbotten	Skellefteå	Tavelsjö Sävar Skellefteå Landsförsamling Kågedalen Byske Lövånger Burträsk	
	Överkalix	Överkalix	
	Kalix	Nederkalix	
	Övertorneå	Töre Övertorneå	
	Älvsbyn	Hietaniemi Älvsby	
	Luleå	Luleå Domkyrkoförsamling Örnäset Nederluleå Råneå	
	Piteå	Piteå Stadsförsamling Hortlax Piteå Landsförsamling	
	Boden	Norrfjärden Överluleå Gunnarsbyn Edefors	
	Haparanda	Sävast Nedertorneå-Haparanda Karl Gustav	
	Limistéir talmhaíochta fho-réigiún 3		108 650 ha

FO-RÉIGIÚN 4

Cúige	Aonad bardais	Ceantar
Värmland	Torsby	Lekvattnet
		Nyskoga
		Norra Finnskoga
		Dalby
		Norra Ny
Filipstad	Hagfors	Rämmen
		Gustav Adolf

Dalarna	Vansbro	Järna
		Nås
		Äppelbo
	Malung	Malung
	Rättvik	Boda
		Ore
	Orsa	Orsa
	Mora	Våmhus
		Venjan
	Falun	Bjursås
Gävleborg	Ludvika	Säfsnäs
	Ovanåker	Ovanåker
		Voxna
	Nordanstig	İlsbo
		Harmånger
		Jättendal
		Gnarp
		Bergsjö
	Ljusdal	Ljusdal
		Färila
Västernorrland	Bollnäs	Ramsjö
		Järvsö
		Rengsjö
		Undersvik
		Arbrå
	Hudiksvall	Bjuråker
	Ånge	Borgsjö
		Torp
	Timrå	Timrå
		Hässjö
		Tynderö
	Härnösand	Härnösands Domkyrkoförsamling
		Högsjö
		Häggdånger
		Säbrå
		Hemsö
	Sundsvall	Sundsvalls Gustav Adolf
		Skönsmon

		Skön Alnö Sättna Selånger Stöde Tuna Attmar Njurunda Gudmundrå Nora Skog Bjärträ Styrnäs Dal Ytterlänнас Sollefteå Sollefteå Multrä Långsele Ed Resele Helgum Ådals-Liden Boteå Överlänнас Sånga Örnsköldsvik Arnäs Grundsunda Fors Umeå Stadsförsamling Teg Ålidhem Holmsund Hörnefors Holmön Umeå Maria Skellefteå Sankt Olov Skellefteå Sankt Örjan Bureå
Jämtland Västerbotten	Kramfors Sollefteå Örnsköldsvik Ragunda Umeå Skellefteå	
Limistéir talmhaíochta fho-réigiún 4		69 050 ha

FO-RÉIGIÚN 5

Cúige	Aonad bardais	Ceantar	
Värmland	Kil	Boda	
	Eda	Eda	
		Järnskog	
		Skillingmark	
		Köla	
	Torsby	Fryksände	
		Vitsand	
		Östmark	
	Grums	Värmskog	
		Årjäng	Silbodal
			Sillerud
		Karlanda	
		Holmedal	
		Blomskog	
		Trankil	
		Västra Fågelvik	
		Töcksmark	
		Östervallskog	
		Gräsmark	
		Lysvik	
		Filipstad	Gåsborn
	Hagfors		
	Hagfors	Hagfors	
		Ekshärad	
		Norra Råda	
		Sunnemo	
		Arvika Östra	
		Arvika Västra	
		Stavnäs	
		Högerud	
		Glava	
		Bogen	
	Arvika	Gunnarskog	
Ny			
Älgå			
Mangskog			
Brunskog			
Säffle	Svanskog		

Dalarna	Gagnef	Långserud
		Mockfjärd
		Gagnef
	Leksand	Floda
		Leksand
		Djura
		Ål
		Siljansnäs
		Rättvik
	Mora	Rättvik
		Mora
	Falun	Sollerön
		Svärdsjö
Gävleborg	Ockelbo	Enviken
		Ockelbo
	Ovanåker	Alfta
	Gävle	Hamrånge
		Söderhamn
	Söderhamn	Sandarne
		Skog
		Ljusne
		Söderala
		Bergvik
		Mo
		Trönö
		Norråla
Bollnäs		
Bollnäs		
Segerstå		
Hanebo		
Hudiksvall		
Hudiksvall		
Idenor		
Hälsingtuna		
Rogsta		
Njutånger		
Enånger		
Delsbo		
Norrbo		
Forsa		
Hög		
Limistéir talmhaíochta fho-réigiún 5		72 300 ha

IARSCRÍBHINN II

	Meánchabhair bhliantúil uasta le haghaidh tréimhse 6 bliana ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2028 (milliún SEK)	Líon uasta bliantúil na dtosca táirgeachta incháilithe ⁽¹⁾
Bainne bó agus cabhair iompair do bhainne bó déiríochta		450 000 tona an ceann
Minseacha, muca lena marú, cránacha, béaróga		17 000 AB
Torthaí boga, glasraí agus prátaí		3 660 heicteár
CABHAIR IOMLÁN	473,75 ⁽²⁾	

⁽¹⁾ An ráta comhshó go haonaid bheostoic (AB): is 0,20 AB minseach, is 0,01 AB béaróg, is 0,33 AB cráin agus is 0,10 AB muc lena marú.

⁽²⁾ A bhféadfar tacaíocht uasta SEK 443,44 milliún de a dheonú don chatagóir bainne bó déiríochta agus cabhair iompair le haghaidh bainne bó déiríochta.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2461 ÓN gCOIMISIÚN**an 14 Nollaig 2022**

lena dtugtar aitheantas don scéim “KZR IniG” chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/603 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 30(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2018/2001 leagtar síos ceanglais maidir le breoslaí áirithe, is iad sin bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Áirithítear leis na ceanglais sin nach féidir na breoslaí sin a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin ach amháin más rud é gur táirgeadh go hinbhuanaithe iad agus go sábháiltear líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa leo i gcomparáid le breoslaí iontaise. Le hAirteagal 29 den Treoir sin, leagtar síos critéir inbhuanaitheachta agus critéir i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise. Thairis sin, le hAirteagal 26 den Treoir agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos na critéir chun a chinneadh: (i) cé na bunábhair le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid; agus (ii) cé na bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid agus a chomhlíonann critéir áirithe ar féidir a dheimhniú ina leith go ngabhann riosca íseal leo maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid. Le hAirteagal 25(2) de Threoir (AE) 2018/2001, leagtar síos critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a úsáidtear in earnáil an iompair. Le hAirteagal 28(2) den Treoir sin, ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíochais faisnéis a iontráil i mbunachar sonraí de chuid an Aontais maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus maidir le hairíonna inbhuanaitheachta roinnt breoslaí in-athnuaite (bithbhreoslaí, bithghás agus breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch) agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a úsáidtear in earnáil an iompair.
- (2) Le Treoir (AE) 2018/2001, leagtar síos freisin rialacha maidir le rannchuidiú an leictreachais in-athnuaite le spriocanna iompair a ríomh. Go háirithe, le hAirteagal 27(3) den Treoir sin, leagtar síos rialacha maidir leis an gcaoi a ríomhtar an rannchuidiú sin, nuair a úsáidtear an leictreachas go díreach chun feithiclí leictreacha a chumhachtú agus nuair a úsáidtear é chun breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh, ar breoslaí iad a úsáidtear in earnáil an iompair.
- (3) Bhí ról mór ag scéimeanna deonacha maidir le fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh na gcritéir inbhuanaitheachta agus na gcritéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh bithbhreoslaí agus bithleachtanna. Faoi Threoir (AE) 2018/2001, is féidir scéimeanna deonacha a úsáid: (i) chun a dheimhniú go gcomhlíonann na breoslaí uile a tháirgtear ó bhithmhais, lena n-áirítear breoslaí gásacha agus soladacha, na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos sa Treoir sin; (ii) chun sonraí cruinne a sholáthar maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis na breoslaí sin; (iii) chun a dheimhniú go gcomhlíonann breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha

⁽¹⁾ IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhair lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann chomh maith le deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann ísealriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid (IO L 133, 21.5.2019, lch. 1).

agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a gcritéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; agus (iv) chun comhlíonadh fhorálacha Airteagal 27(3) den Treoir sin a chruthú maidir leis an sciar leictreachais in-athnuaite in earnáil an iompair a ríomh. Is féidir scéimeanna deonacha a úsáid freisin chun a chruthú go n-iontrálann oibreoirí eacnamaíocha faisnéis chruinn sna bunachair sonraí de chuid an Aontais nó sna bunachair sonraí náisiúnta maidir le roinnt breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a úsáidtear in earnáil an iompair i gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Threoir (AE) 2018/2001. Thairis sin, is féidir scéimeanna deonacha a úsáid chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dheimhniú. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gur féidir na scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta a úsáid chun na gcríoch sin ar fad nó cuid díobh.

- (4) Faoi Airteagal 30(9) de Threoir (AE) 2018/2001, i gcás ina soláthróidh oibreoir eacnamaíoch cruthúnas nó sonraí i dtaca le comhlíonadh na gcritéir inbhuanaitheachta agus na gcritéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar cruthúnas nó sonraí iad a fhaightear i gcomhréir le scéim dheonach atá aitheanta ag an gCoimisiún, a mhéid a chumhdaítear leis an gcinneadh aitheantais, níl Ballstát le ceangal ar an soláthraí tuilleadh fianaise a sholáthar.
- (5) An 28 Lúnasa 2020 chuir scéim “KZR IniG” iarraidh ar aitheantas faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001. Mar thoradh ar an iarraidh, rinne an Coimisiún measúnú ar an scéim sin, agus sainathnóidh roinnt saincheisteanna a d’fhág nárbh fhéidir a mheas go raibh an scéim comhoiriúnach leis na critéir inbhuanaitheachta, mar a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001. San athiarraidh an 25 Meitheamh 2021, tugadh aghaidh mar ba cheart ar na saincheisteanna sin leis an scéim. I measúnú an Choimisiúin, thángthas ar an gconclúid maidir leis an scéim: (i) go gcumhdaítear léi go leormhaith na critéir inbhuanaitheachta maidir le bithmhais talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (5) de Threoir (AE) 2018/2001; (ii) go raibh sonraí cruinne inti maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críche Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001; agus (iii) go gcuirtear modheolaíocht maidir le maischothramaíocht i bhfeidhm léi i gcomhréir le ceanglais Airteagal 30(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001. Níor mheas an Coimisiún áfach go gcumhdaítear leis an scéim go leormhaith na critéir inbhuanaitheachta maidir le bithmhais foraoise, a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7) de Threoir (AE) 2018/2001. Dá bhrí sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/603 ón gCoimisiún ^(?), níor aithníodh scéim “KZR IniG” ach amháin chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(2) go (5) agus Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001 á gcomhlíonadh.
- (6) Rinneadh breis modhnuithe ar an scéim “KZR IniG” chun a áirithiú go gcumhdaítear go leormhaith na critéir inbhuanaitheachta maidir le bithmhais foraoise, a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7) de Threoir (AE) 2018/2001. Tar éis breis leasuithe, tugadh aghaidh leormhaith in athiarraidh an 23 Meán Fómhair 2022 ar na saincheisteanna uile a sainathnóidh roimhe sin agus a bhí fós gan réiteach.
- (7) Cumhdaítear na bunábhair seo a leanas leis an scéim “KZR IniG”: bithmhais talmhaíochta, bithmhais foraoise, agus dramhaíl agus iarmhair. Cumhdaítear gach cineál breosla leis an scéim freisin. Tá cumhdach geografach domhanda aici agus áirítear inti an líne chúraim ar fad (le haghaidh bithmheatáin, suas go dtí an t-aonad táirgthe). Tá athmheasúnú déanta ag an gCoimisiún ar scéim “KZR IniG” ó athiarraidh an 23 Meán Fómhair 2022 agus fuair sé amach: (i) go gcumhdaítear léi go leormhaith na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) de Threoir (AE) 2018/2001; (ii) go soláthraítear léi sonraí cruinne maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha Airteagal 29(10) den Treoir sin; agus (iii) go gcuirtear modheolaíocht maidir le maischothramaíocht i bhfeidhm léi i gcomhréir le ceanglais Airteagal 30(1) agus (2) den Treoir sin.
- (8) I measúnú an Choimisiúin ní chuirtear san áireamh an gníomh cur chun feidhme atá le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 29(8) de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le treoir a sholáthar chun comhlíonadh na gcritéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7) den Treoir sin a léiriú ^(*). Dá bhrí sin, déanfar athmheasúnú ar an scéim “KZR IniG” i ndáil leis sin.

^(?) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/603 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim “KZR IniG” chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO L 114, 12.4.2022, lch. 185).

^(*) An Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le treoir a sholáthar chun comhlíonadh na gcritéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7) de Threoir (AE) 2018/2001 a léiriú, fuair sé tuairim dhearfach ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise an 14 Meán Fómhair 2022 ach níor glacadh go hoifigiúil fós é.

- (9) Ní bheidh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún ^(⁵) ach ón 30 Nollaig 2023. Ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar an scéim “KZR IniG” i bhfianaise an Rialacháin Cur Chun Feidhme nua.
- (10) Ina mheasúnú ar an scéim “KZR IniG”, fuair an Coimisiún amach go gcomhlíonann sí caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta agus iniúchóireachta neamhspleáiche agus na ceanglais mhodheolaíocha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.
- (11) Ar chúiseanna trédhearcachta agus deimhneachta dlíthiúla, is iomchuí go leagfar amach i ngníomh aonair ón gCoimisiún, ar bhealach cuimsitheach, gach critéar inbhuanaitheachta agus gach critéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a mheastar go gcumhdaítear go leormhaith le scéim “KZR IniG”. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/603 a ionadú.
- (12) Ba cheart scéim aitheanta “KZR IniG” a chur ar fáil sa roinn ar scéimeanna deonacha ar Europa, suíomh gréasáin an Choimisiúin
- (13) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis an scéim dheonach “KZR IniG” (“an scéim”), ar cuireadh iarraidh ar aitheantas ina leith faoi bhráid an Choimisiúin an 23 Meán Fómhair 2022, léirítear na heilimintí seo a leanas i gcás na mbreoslaí a ndearnadh iniúchadh orthu faoin scéim:

- (a) comhlíontacht na gcoinsíneachtaí bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001;
- (b) comhlíontacht na n-oibreoirí eacnamaíocha leis an oibleagáid faisnéis chruinn a iontráil sna bunachair sonraí de chuid an Aontais nó sna bunachair sonraí náisiúnta maidir le breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a úsáidtear in earnáil an iompair i gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Threoir (AE) 2018/2001.

Soláthraítear leis an scéim chomh maith sonraí cruinne faoi laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críoch Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001 sa mhéid go n-áirithítear léi go n-aistrítear an fhaisnéis ábhartha ar fad ó oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal réamhtheachtach den líne chúraim chuig oibreoirí eacnamaíocha atá ar an leibhéal iartheachtach den líne chúraim.

I gcás ina ndéanfar aon athrú ar ábhar scéim dheonach “KZR IniG”, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í san iarraidh ar aitheantas an 23 Meán Fómhair 2022, arb athrú é a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do bhunús an Chinnidh seo, cuirfear é sin in iúl don Choimisiún gan mhoill. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra chun a chinneadh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar go leormhaith fós na critéir inbhuanaitheachta a bhfuil sí aitheanta ina leith.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh go dtí an 16 Nollaig 2027.

Airteagal 3

Déanfar an Cinneadh a aisghairm sna cásanna seo a leanas:

- (a) má léirítear go soiléir nach bhfuil eilimintí curtha chun feidhme le scéim dheonach “KZR IniG”, arb eilimintí iad a mheastar a bheith tábhachtach don Chinneadh seo nó má dhéantar sárú tromchúiseach agus struchtúrach ar na heilimintí sin;
- (b) mura gcuireann scéim dheonach “KZR IniG” tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 30(5) de Threoir (AE) 2018/2001;

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indéireach ar thalamhúsáid a fhóru (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1).

- (c) mura gcuirtear chun feidhme le scéim dheonach “KZR IniG” na caighdeáin iniúchóireachta neamhspleáiche ná ceanglais eile a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 29(8) ná in Airteagal 30(8) de Threoir (AE) 2018/2001 nó mura gcuirtear chun feidhme léi feabhsuithe ar eilimintí eile den scéim a mheastar a bheith tábhachtach maidir le haitheantas leanúnach.

Airteagal 4

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/603 le héifeacht ón 16 Nollaig 2022.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2462 ÓN gCOIMISIÚN**an 14 Nollaig 2022****lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún lena mbunaítear an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceanglaítear le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ar úinéirí long a áirithiú nach ndéanfar longa atá le hathchúrsáil a athchúrsáil ach amháin i saoráidí athchúrsála long atá ar an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long (“an Liosta Eorpach”) arna fhoilsiú de bhun Airteagal 16 den Rialachán sin.
- (2) Leagtar amach an Liosta Eorpach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) Maidir leis na saoráidí athchúrsála long UAB Armarg agus Démonaval Recycling atá lonnaithe sa Liotuáin agus sa Fhrainc faoi seach, bhí dáta éaga an 19 Aibreán 2022 agus an 11 Nollaig 2022 faoi seach ag an údarú. Fuair an Coimisiún faisnéis ón Liotuáin agus ón bhFrainc, i dtaca leis an údarú a deonaíodh do na saoráidí sin chun athchúrsáil long a dhéanamh, go ndearnadh é a athnuachan roimh dhul in éag dó, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Ba cheart, dá bhrí sin, dáta éaga áireamh na saoráidí sin sa Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta.
- (4) Chuir an Bhulgáir in iúl don Choimisiún, go bhfuil Ship and Industrial Service Ltd., saoráid athchúrsála long atá lonnaithe ina críoch, údaraithe ag an údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Chuir an Bhulgáir an fhaisnéis uile is ábhartha i leith na saoráide sin ar fáil don Choimisiún, is é sin an fhaisnéis ábhartha a bhaineann lena cur ar an Liosta Eorpach. Ba cheart, dá bhrí sin, an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta chun an tsaoirid sin a áireamh.
- (5) Cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi athruithe ar shonraí teagmhála Dales Marine Services Ltd agus Gardet & De Bezenac Recycling, saoráidí athchúrsála long atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc faoi seach. Ba cheart, dá bhrí sin, an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta dá réir.
- (6) Chuir Kishorn Port Ltd an Coimisiún ar an eolas faoi mhodhnú an cheadúnais a chuireann teorainn leis na hoibríochtaí agus a chuireann coinníollacha ar oibreoir na saoráide. Leis an athrú, méadaítear uastoisí na long a nglactar leo. Ba cheart, dá bhrí sin, an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta dá réir.
- (7) Rinne an Coimisiún athbhreithniú meántearma ar İşksan, saoráid athchúrsála long atá lonnaithe sa Tuirc, i gcomhréir le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013, nach bhféadfaí a dheimhniú go leanann an tsaoirid i gceist de cheanglais ábhartha Airteagal 13(1) a chomhlíonadh, go háirithe pointí (b), (f) agus (i), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Thairis sin, tá sé suite nár chomhlíon an tsaoirid i gceist na ceanglais maidir le hathchúrsáil na long atá faoi Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a leagtar amach in Airteagal 13(2), pointí (a) go (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Ina theannta sin, ní féidir teacht ar chonclúid ón bhfaisnéis atá ar fáil gur díchóimeáladh líon long a bhí faoi bhratach Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, a bhí le hathchúrsáil ag İşksan, sa

⁽¹⁾ IO L 330, 10.12.2013, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2016 lena mbunaítear an Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchúrsáil long (IO L 345, 20.12.2016, lch. 119).

tsaoráid sin faoi dheireadh, ach léirítear inti, ina ionad sin, gur aistríodh iad ag saoráidí in aice láimhe nach bhfuil ar an Liosta Eorpach. Is éard atá sa chleachtas sin sárú ar na ceanglais de bhun Airteagal 13(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 lena gceanglaítear nach mór d'oibreoirí saoráidí a áirítear sa Liosta Eorpach longa atá faoi bhratach Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a athchúrsáil ag a saoráid i gcomhréir le plean athchúrsála a bhaineann go sonrach le longa. Ba cheart, dá bhrí sin, an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta chun an tsaoaráid sin a bhaint.

- (8) Rinne an Coimisiún measúnú ar imscrúdú tionóiscí agus anailís ar bhunchúiseanna maidir le dhá thionóisc mharfacha a tharla i mí Feabhra 2021 agus i mí an Mheithimh 2022 in Simsekler, saoráid athchúrsála long eile atá lonnaithe sa Tuirc. Thángthas ar an gconclúid sna measúnuithe nach amháin gur tharla na tionóiscí de dheasca gníomhaíochtaí aonair, ach tharla siad freisin de dheasca bunfhachtóirí eagrúcháin ar cheart don chlós díriú orthu chun feabhas a chur ar an rialú atá acu ar riosca. Ina theannta sin, áiríodh sa tuarascáil ar an gcéad tionóisc mharfach a tarchuireadh chuig an tsaoaráid i mí an Mheithimh 2021 roinnt moltaí nithiúla chun feabhas a chur ar shábháilteacht oibríthe. Níor lean an tsaoaráid an iarraidh ón gCoimisiún go gcoinneofaí ar an eolas é maidir leis na bearta a rinneadh i ndáil leis sin. Dá bhrí sin, mhainnigh an tsaoaráid i gceist ceanglais ábhartha Airteagal 13(1) a chomhlíonadh, go háirithe pointí (b), (f) agus (i), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Dá bharr sin, ba cheart an Liosta Eorpach a thabhairt cothrom le dáta chun an tsaoaráid sin a bhaint.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323 a leasú dá réir.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hlarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2323.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

An Liosta Eorpach de shaoráidí athchúrsála long dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013

CUID A

Saoráidí athchúrsála long atá lonnaithe i mBallstát

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaiola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
------------------	---------------------	--	--	---	---	--

AN BHEILG

NV Galloo Recycling Ghent Scheepzatestraat 9 9000 Gent An Bheilg Teil. +32(0)9/251 25 21 R-phost: peter.wyntin@galoo.com	Beart le cé (beart fliuch), fána	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 265 mhéadar Leithead: 37 mhéadar Doimhneacht snámha: 12,5 mhéadar		Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 30 lá	34 000 ⁽⁴⁾	an 31 Márta 2025
--	----------------------------------	--	--	---	-----------------------	------------------

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhorghas (°)	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin (°)	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag (°)
------------------	---------------------	--	--	---	--	---

AN BHULGÁIR

Ship and Industrial Service Ltd Sleamhnán 3 Ceantar Asparuhovo 9000 Varna An Bhulgáir Teil. + 359 888 334114 R-phost: d_kondov@yahoo.co.uk	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 140 mhéadar Leithead: 16 mhéadar Doimhneacht snámha: 6 mhéadar Longa éadroma: 1 800 tonna	Leagtar síos na teorainneacha agus na coinníollacha sa chead bainistithe dramhaíola (Cinneadh Uimh. 03-DO-655-00/25.1.2019)	Formheas sainráite, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 30 lá. Is é Stiúrthóir na Cigireachta Réigiúnaí Comhshaoil agus Uisce ina bhfuil an tsaoráid athchúrsála long lonnaithe an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa	12 500 (°)	an 25 Eanáir 2024
---	------------	---	---	---	------------	-------------------

AN DANMHAIRG

FAYARD A/S Kystvejen 100 DK-5330 Munkebo An Danmhairg www.fayard.dk Teil. +45 7592 0000 R-phost: fayard@fayard.dk	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 415 mhéadar Leithead: 90 mhéadar Doimhneacht snámha: 7,8 mhéadar	Rialaítear an tsaoráid athchúrsála long de réir na reachtaíochta is infheidhme agus de réir na gcoinníollacha a leagtar amach i gCead Comhshaoil an 7 Samhain 2018 arna eisiúint ag Bardas Kerteminde. Ag gabháil leis an gCead Comhshaoil, tá coinníollacha maidir le huaireanta oibriúcháin, maidir le coinníollacha speisialta oibriúcháin, maidir le láimhseáil agus stóráil dramhaíola agus gabhann leis, freisin, coinníoll go gcaithfear an ghníomhaíocht a dhéanamh i nduga tirim.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá.	0 (°)	an 7 Samhain 2023
--	------------	---	--	--	-------	-------------------

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhorfhéas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
<p>Fornæs ApS Rolshøjvej 12-16 8500 Grenaa An Danmhairg www.fornaes.com Teil. +45 86326393 R-phost: recycling@fornaes.dk</p>	Beart le cé, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 150 mhéadar Leithead: 25 mhéadar Doimhneacht snámha: 7 mhéadar Olltonnáiste: 10 000	Tá sé de cheart ag bardas Nordjurs dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaoil.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá.	30 000 ⁽⁷⁾	an 12 Bealtaine 2026
<p>Jatob ApS Langerak 12 9900 Frederikshavn An Danmhairg www.jatob.dk Teil. +45 8668 1689 R-phost: post@jatob.dk mathias@jatob.dk</p>	Beart le cé, sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 150 mhéadar Leithead: 30 mhéadar Doimhneacht snámha: 6 mhéadar	Tugtar láimhseáil agus stóráil na gcodán dramhaíola trí bhíthin Údarú Comhshaoil. D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí an láithreán le haghaidh stóráil idirmheánach dramhaíola guaisí ar feadh tréimhse chomh fada le 1 bhliain amháin.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá.	13 000 ⁽⁸⁾	an 9 Márta 2025

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
<p>Modern American Recycling Services Europe (M.A.R.S)</p> <p>Sandholm 60</p> <p>9900 Frederikshavn</p> <p>An Danmhairg</p> <p>www.modernamericanrecyclingservices.com/</p> <p>R-phost: kim@mars-eu.dk</p>	Sleamhnán	<p>Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013</p> <p>Uastoisí na long: Fad: 290 méadar Leithead: 90 méadar Doimhneacht snámha: 14 mhéadar</p>	<p>Tá sainmhíniú ar na coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long i gCead Comhshaoil an 9 Márta 2018 arna eisiúint ag Bardas Frederikshavn.</p> <p>Tá sé de cheart ag bardas Frederikshavn dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaol.</p> <p>Ní fhéadfaidh an tsaoráid dramhaíl ghuaiseach a stóráil ar feadh tréimhse is faide ná 1 bhliain amháin.</p>	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá.	0 ^(%)	an 23 Lúnasa 2023

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
Smedegaarden A/S Vikingkaj 5 6700 Esbjerg An Danmhairg www.smedegaarden.net Teil. +45 75128888 R-phost: m@smedegaarden.net	Beart le cé, sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 200 méadar* Leithead: 48 mhéadar Doimhneacht snámha: 7,5 mhéadar (*Má tá an fad > 170 méadar, tá formheas ó Bhardas Esbjerg riachtanach)	Tá na coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long sainmhínithe i gCead Comhshaoil an 4 Meitheamh 2015 arna eisiúint ag Bardas Esbjerg. Tá sé de cheart ag Bardas Esbjerg dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha dramhaíola guaisí arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaoil.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá	20 000 ⁽¹⁰⁾	an 11 Márta 2026
Stena Recycling A/S Grusvej 6 6700 Esbjerg An Danmhairg www.stenarecycling.dk Teil. +45 20699190 R-phost: jakob.kristensen@stenarecycling.com	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013. Uastoisí na long: Fad: 40 méadar Leithead: 40 méadar Doimhneacht snámha: 10 mhéadar	Sainítear na coinníollacha faoina n-oibríonn an tsaoráid athchúrsála long i gCead Comhshaoil an 5 Deireadh Fómhair 2017 arna eisiúint ag Bardas Esbjerg. Tá sé de cheart ag Bardas Esbjerg dramhaíl ghuaiseach a leithdháileadh ar shaoráidí glactha arna bhformheas maidir le neamhdhíobháil don chomhshaoil, mar atá leagtha amach sa Chead Comhshaoil don tsaoráid athchúrsála long	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 14 lá	0 ⁽¹¹⁾	an 7 Feabhra 2024

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
------------------	---------------------	--	--	---	---	--

AN EASTÓIN

BLRT Refonda Baltic OÜ Kopli 103, 11712 Taillinn, An Eastóin Teil. +372 610 2933 Facs: +372 610 2444 R-phost: refonda@blrt.ee www.refonda.ee	Ar snámh ag an gcé agus sa duga snámhach	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 197 mhéadar Leithead: 32 mhéadar Doimhneacht snámha: 9,6 mhéadar	Cead dramhaíola Uimh. KL-511809. Ceadúnas bainistíochta dramhaíola guaisí Uimh. 0546. Rialacha Chalafort Vene-Balti, Lámhleabhar maidir le hAthchúrsáil Long MSR-Refonda. Córas Bainistíochta Comhshaoil, Bainistiú dramhaíola PE 4.4.6-1-13 Ní ceadmhach don tsaoráid ach na hábhair ghuaiseacha dá bhfuil sí ceadúnaithe a athchúrsáil.	Formheas intuigthe, lena ngabhann uastréimhse athbhreithnithe 30 lá.	24 364 ⁽¹²⁾	an 15 Feabhra 2026
--	--	---	---	--	------------------------	--------------------

AN SPÁINN

DESGUACE INDUSTRIAL Y NAVAL, S.L.U. (DINA) Vega de Tapia, s/n 48903 Barakaldo-Bizkaia An Spáinn Teil. +34 944 971 552 R-phost: dina@dinascrapping.com www.redena.es	Beart le cé, rampa díchóimeála	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 120 mhéadar Leithead: 20 mhéadar Doimhneacht snámha: 6 mhéadar	Tá na teorainneacha san áireamh san údarú comhshaoil comhtháite.	Formheas intuigthe. Is é údarás comhshaoil an Phobail Fhénrialaitheigh ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	2 086 ⁽¹³⁾	an 3 Márta 2026
--	--------------------------------	---	--	--	-----------------------	-----------------

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhorghas (1)	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin (2)	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag (3)
DDR VESSELS XXI, S.L. Calafort 'El Musel' Gijon An Spáinn Teil. +34 630 14 44 16 R-phost: abarredo@ddr-vessels.com	Beart le cé, rampa díchóimeála	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 169,9 mhéadar (Maidir le longa os cionn na méide sin ar féidir leo iompú nialais nó gluaiseacht rampaí diúltach a oibriú, is féidir glacadh leo ag brath ar thoradh staidéir féidearthachta mhionsonraithe) Leithead: 25 mhéadar	Tá na teorainneacha san áireamh san údarú comhshaoil comhtháite.	Formheas intuigthe. Is é údarás comhshaoil an Phobail Fhénrialaithe ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	3 600 (14)	an 28 Iúil 2025
AN FHRAINIC						
Démonaval Recycling ZI du Malaquis Rue François Arago 76580 LE TRAIT Teil. (+ 33) (0)7 69 79 12 80 R-phost: patrick@demonaval-recycling.fr	Beart le cé, duga trim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 140 mhéadar Leithead: 25 mhéadar Doimhneacht: 5 mhéadar	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite — Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa	1 500 (15)	an 21 Meán Fómhair 2027

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhorghas (¹)	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin (²)	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag (³)
GARDET & DE BEZENAC Recycling /Groupe BAUDELET ENVIRONNEMENT – GIE MUG 616 Boulevard Jules Durand 76600 Le Havre An Fhrainc Teil. +33(0)2 35 95 16 34 R-phost: normandie@baudelet.fr	Duga snámhach agus sleamhnán	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 150 mhéadar Leithead: 18 mhéadar Doimhneacht: 7 mhéadar LDT: 7 000	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite — Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	7 730 (¹⁶)	an 29 Nollaig 2026
Grand Port Maritime de Bordeaux 152 Quai de Bacalan - CS 41320 - 33082 Bordeaux Cedex An Fhrainc Teil. +33(0)5 56 90 58 00 R-phost: maintenance@bordeaux-port.fr	Beart le cé, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 240 mhéadar Leithead: 37 mhéadar Doimhneacht: 17 mhéadar	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite — Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	9 000 (¹⁷)	an 27 Meán Fómhair 2026

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-ascgur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
Recycleurs Bretons - Navaléo 170 rue Jacqueline Auriol 29470 Guipavas An Fhrainc Teil. +33(0)2 98 01 11 06 R-phost: navaleo@navaleo.fr	Beart le cé, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 225 mhéadar Leithead: 34 mhéadar Doimhneacht: 27 mhéadar	Sainmhínítear teorainneacha comhshaoil san údarú maorachta.	Formheas sainráite — Is é an t-aire comhshaoil an t-údarás inniúil le haghaidh an chinnidh formheasa.	15 000 ⁽¹⁸⁾	an 19 Meitheamh 2025
AN IODÁIL						
San Giorgio del Porto S.p.A. Calata Boccardo 8 16128 – Genova – An Iodáil An Iodáil Teil. +39 (0)10 251561 R-phost: segreteria@sgdp.it; sangiorgiodelporto@legalmail.it www.sgdp.it	Beart le cé, duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 350 mhéadar Leithead: 75 mhéadar Doimhneacht: 16 mhéadar Olltonnáiste: 130 000	Tá na teorainneacha agus na srianta san áireamh san údarú comhshaoil comhtháite.	Formheas sainráite	38 564 ⁽¹⁹⁾	an 6 Meitheamh 2023

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
AN LAITVIA						
'Galaksis N', Ltd. Sráid Kapsedes 2D, Liepāja, LV-3414 AN LAITVIA An Laitvia Teil. +371 29410506 R-phost: galaksisn@inbox.lv	Beart le cé (beart fliuch), duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 165 mhéadar Leithead: 22 mhéadar Doimhneacht: 7 mhéadar Olltonnáiste: 12 000	Féach cead náisiúnta Uimh. LI12IB0053	Formheas sainráite – fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	0 ⁽²⁰⁾	an 17 Iúil 2024
AN LIOTUÁIN						
UAB APK Minijos 180 (beart 133A), LT 93269, Klaipėda, An Liotuáin Teil. +370 (46) 365776 Facs: +370 (46) 365776 R-phost: uab.apk@gmail.com	Beart le cé (beart fliuch)	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 130 mhéadar Leithead: 35 mhéadar Doimhneacht: 10 mhéadar Olltonnáiste: 3 500	Féach cead náisiúnta Uimh. TL-KL.1-15/2015	Formheas sainráite – fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	1 500 ⁽²¹⁾	an 12 Márta 2025

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
<p>UAB Armar Minijos 180 (beart 131 A), LT 93269, Klaipėda, An Liotuáin Teil. +370 685 32607 R-phost: armar.uab@gmail.com</p>	Beart le cé (beart fliuch)	<p>Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013</p> <p>Uastoisí na long: Fad: 80 mhéadar Leithead: 16 mhéadar Doimhneacht: 5 mhéadar Olltonnáiste: 1 500</p>	Féach cead náisiúnta Uimh. TL-KL.1-51/2017	Formheas sainráite – fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	3 910 ⁽²⁾	an 12 Aibreán 2027
<p>UAB Demeksa Nemuno g. 42A (beart 121), LT 93277 Klaipėda An Liotuáin Teil. +370 630 69903 R-phost: uabdemeksa@gmail.com</p>	Beart le cé (beart fliuch)	<p>Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013</p> <p>Uastoisí na long: Fad: 58 mhéadar Leithead: 16 mhéadar Doimhneacht: 5 mhéadar Olltonnáiste: 3 500</p>	Féach cead náisiúnta Uimh. TL-KL.1-64/2019	Formheas sainráite – fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	0 ⁽²⁾	an 22 Bealtaine 2024

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
UAB Vakarų refonda Minijos 180 (beartanna 129, 130, 131A, 131, 132, 133A), LT 93269, Klaipėda, An Liotuáin Teil. +370 (46) 483940/483891 Facs: +370 (46) 483891 R-phost: refonda@wsy.lt	Beart le cé (beart fliuch)	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 230 mhéadar Leithead: 55 mhéadar Doimhneacht: 14 mhéadar Olltonnáiste: 70 000	Féach cead náisiúnta Uimh. (11.2)-30-161/2011/TL-KL.1-18/2015	Formheas sainráite – fógra i scríbhinn laistigh de 30 lá oibre	20 140 ⁽²⁴⁾	an 30 Aibreán 2025

AN ÍSILTÍR

Damen Verolme Rotterdam B. V. Prof. Gerbrandyweg 25 3197 KK Rotterdam An Ísiltír Teil. +31(0)9/181 23 4353 R-phost: MZoethout@damenverolme.com	Duga tirim	Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 Uastoisí na long: Fad: 400 mhéadar Leithead: 90 mhéadar Doimhneacht: 12 mhéadar Airde: 90 mhéadar	Tá cead chun oibriú ag an láithreán; cuimsíonn an cead sin teorainneacha agus coinníollacha maidir le hoibriú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.	Formheas sainráite	0 ⁽²⁵⁾	an 21 Bealtaine 2026
--	------------	--	--	--------------------	-------------------	----------------------

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
<p>DECOM Amsterdam B.V. Siciliëweg 10 1045 AS Amstardam An Ísiltír Teil. +31 23 558 1937 R-phost: info@decomamsterdam.eu</p>	<p>Gníomhaíochtaí ullmhúcháin cois cé, arna iompar i dtír lena dhiúscairt</p>	<p>Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013</p> <p>Uastoisí na long: Fad: 240 mhéadar Leithead: 50 mhéadar Doimhneacht snámha: 9 mhéadar</p>	<p>Tá cead chun oibriú ag an láithreán; cuimsíonn an cead sin teorainneacha agus coinníollacha maidir le hoibriú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.</p>	<p>Formheas sainráite</p>	<p>17 500 ⁽²⁶⁾</p>	<p>an 5 Deireadh Fómhair 2026</p>
<p>Hoondert Services & Decommissioning B.V. Spanjeweg 4 4455 TW Nieuwdorp Teil. Teil. +31 113352510 R-phost: info@hsd.nl</p>	<p>Gníomhaíochtaí ullmhúcháin cois cé, arna iompar i dtír lena dhiúscairt</p>	<p>Longa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013</p> <p>Uastoisí na long: Fad: 175 mhéadar Leithead: 40 mhéadar Doimhneacht: 10 mhéadar</p>	<p>Tá cead chun oibriú ag an láithreán; cuimsíonn an cead sin teorainneacha agus coinníollacha maidir le hoibriú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.</p>	<p>Formheas sainráite</p>	<p>30 000 ⁽²⁷⁾</p>	<p>an 26 Eanáir 2026</p>

Ainm na saoráide	An modh athchúrsála	Cineál agus méid na long is féidir a athchúrsáil	Aon teorainn nó aon choinníoll a bhaineann le hoibriú na saoráide athchúrsála long, lena n-áirítear an méid a bhaineann le bainistiú dramhaíola guaisí	Mionsonraí maidir leis an nós imeachta sainráite nó intuigthe chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an plean athchúrsála long a fhormheas ⁽¹⁾	An t-uas-aschur athchúrsála long bliantúil, a ríomhtar mar shuim mheáchan na long á sloinneadh i LDT a athchúrsáladh in aon bhliain ar leith sa tsaoráid sin ⁽²⁾	An dáta a rachaidh áireamh sa Liosta Eorpach in éag ⁽³⁾
